



## **CLÁR ÁBHAR**

<b>1. RÉAMHRÁ</b>	<b>1</b>
<b>2. RÚNAÍ NA CUIDEACHTA - CEANGLAIS NÓS IMEACHTA</b>	<b>3</b>
<b>3. RÓL AGUS DUALGAIS DE CHUID RÚNAÍ NA CUIDEACHTA</b>	<b>5</b>
<b>4. DOICIMÉID A CHOMHDÚ AG AN CRO</b>	<b>8</b>
<b>AGUISÍN 1: TÁILLÍ CRO</b>	<b>15</b>
<b>AGUISÍN 2: FOIRMEACHA CRO</b>	<b>17</b>
<b>AGUISÍN 3: TUAIRISCEÁIN REACHTÚLA, AM SEACHADTA AGUS PIONÓIS NEAMHCHOMHLÍONTA</b>	<b>20</b>
<b>AGUISÍN 4: FOIRM AGUS ÁBHAR DOICIMÉAD ARNA SEACHADADH CHUIG AN gCLÁRAITHEOIR</b>	<b>23</b>

# 1. RÉAMHRÁ

## 1.1 CRO

Stór lárnach is ea an CRO le haghaidh faisnéise poiblí reachtúil ar chuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá an Oifig Phoiblí suite ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Is féidir fiosrúcháin phoist a threorú chuig an CRO ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Contae Cheatharlach R93 E920.

### 1.1.2 Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na CRO:

- Ionchorprú cuideachtaí
- Ainmneacha gnó a chlárú
- Doiciméid iar-ionchorpraithe cuideachta a chlárú
- Athruithe ar shonraí ainm gnó a chlárú
- Forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a scríosadh as an gclár
- Faisnéis a sholáthar don phobal

## 1.2 Uaireanta oscailte

Tá an CRO ar oscailt don phobal gach lá oibre ó 9.30 ar maidin go dtí 4.30 sa tráthnóna. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad Faisnéise na hOifige le linn gnáthuaireanta oibre ar na hUimhreacha Íosghlao 1890 220 226\*/01 804 5200\*. Tugtar cuireadh do chliaint freisin teagmháil a dhéanamh leis an Oifig trí ríomhphost ag [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie).

## 1.3 Modhanna rochtana ar fhaisnéis cuideachtaí

Is féidir leis an bpobal scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis reachtúil ar fad a fhaigheann an CRO ó chuideachtaí. Ní mór don phobal táille bheag a íoc nuair is infheidhme. Is í an táille in Aguisín 1 sa bhileog seo an táille chuí ag am a fhoilsithe, ach is féidir le hathrú teacht ar an leibhéal táillí. Is féidir sonraí na táillí reatha a fháil i gcónaí ón Oifig nó ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

**1.3.1** Is féidir faisnéis thábhachtach áirithe, ar nós ainm agus seolta oifige cláraithe na cuideachta a sheiceáil saor in aisce ag [www.cro.ie/search](http://www.cro.ie/search). Má bhíonn mionfhaisnéis cuideachta níos mó ag teastáil uait, ar nós tuairisceáin bhliantúil, cuntas cuideachta nó eischló cuideachta, is féidir iad seo a ordú ar líne agus cárta creidmheasa/dochair a úsáid le híoc astu. Ina mhalairt de chás, is féidir leat cuntas taisce CRO a oscailt.

Is féidir an tsaoráid chuardaigh seo a úsáid le faisnéis cuideachta a rochtain lá agus oíche. Is í an tsaoráid chéanna atá ar fáil in Oifig Phoiblí na CRO agus seoltar na torthaí chugat ar an bpointe trí ríomhphost. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí ar líne, tabhair cuairt ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie), seol ríomhphost chuig [electronic.filing@dbei.gov.ie](mailto:electronic.filing@dbei.gov.ie) nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuntas taisce a oscailt, seol ríomhphost chuig [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie).

**1.3.2** Foilsíonn an CRO ríomhfheasachán go rialta a thugann an fhaisnéis is déanaí ar nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Ní gá íoc as an bhfeasachán. Tá treoracha le fáil ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie) ar conas liostáil don tseirbhís.

**1.3.3** Is féidir leat cóip a fháil saor in aisce de dheimhniú ionchorpraithe cuideachta nó deimhniú clárúcháin ainm gnó ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie). Níl an deimhniú seo bailí ach le haghaidh úsáide seirbhíse poiblí amháin, mar shampla is féidir é a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuair a chuirtear iarratas isteach ar chóip dheimhniú, seoltar an chóip chugat ar an bpointe trí ríomhphost.

**1.3.4** Is féidir scrúdú a dhéanamh ar na comhaid i bhformáid pháipéir le linn uaireanta oscailte agus ní féidir iad a thógáil ón Oifig. Tá saoráidí fótachóipeála le fáil san Oifig. Is féidir íomhánna scanta de na doiciméid a choimeádtar sa chóras íomháiithe a ordú ar líne ag úsáid cárta creidmheasa/dochair nó cuntais CRO, leis an bpost nó san Oifig. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí ar líne, tabhair cuairt ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie), seol ríomhphost chuig [electronic.filing@dbei.gov.ie](mailto:electronic.filing@dbei.gov.ie) nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. (01) 8045374/5355.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuntas taisce a oscailt, seol ríomhphost chuig [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie).

\*Tabhair faoi deara gur féidir le soláthraithe seirbhíse difriúla táillí éagsúla a ghearradh le haghaidh uimhreacha 1890 (Íosghlao).

## 1.4 Ríomhchomhdú

Is féidir leat roinnt foirmeacha CRO a chomhdú ar líne ag [www.core.ie](http://www.core.ie) – ní gá íoc as an seirbhís seo nó bíonn táille níos lú le híoc ná foirmeacha páipéir. Is féidir leat CORE (Timpeallacht Chláraithe do Chuideachtaí Ar Líne) a úsáid le hamharc ar an bhfaisnéis cuideachta is déanaí ar líne, i mbealach slán agus príobháideach agus le fógra a fháil maidir leis na doiciméid a chomdaítear i leith do chuideachtaí agus le hathruithe ar stádas na gcuideachtaí seo.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar [www.core.ie](http://www.core.ie), seol ríomhphost chuig [electronic.filing@dbei.gov.ie](mailto:electronic.filing@dbei.gov.ie) nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. (01) 8045374/5355.

## 1.5 Cineálacha cuideachtaí

Go bunúsach, tá dhá chineál cuideachta ann, cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Cuideachtaí príobháideacha is ea formhór na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, agus is cuideachtaí beaga an chuid is mó díobh siúd, nach bhfuil ach comhalta amháin nó beirt chomhaltaí acu. Dírítear an bhileog seo go príomha ar rúnaithe de chuid cuideachtaí beaga príobháideacha teoranta. Treoir achomair is ea í a thugann mionsonraí ar na gníomhartha/dualgais agus feidhmeanna príomhúla de chuid rúnaí na cuideachta.

## 1.6 Rabhadh

I dtéarmaí ginearálta atá an bhileog seo. Tabharfaidh foireann na CRO freagra ar do cheisteanna a bhaineann leis na doiciméid ar gá do chuideachta a chomhdú, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr duit comhairle a fháil ó do chomhairleoir ghairmiúil (m.sh. rúnaí cairte, aturnae, cuntasóir, srl.) má bhíonn cabhair bhreise ag teastáil uait maidir le dualgais de chuid rúnaí na cuideachta nó ábhair ghinearálta dlí na gcuideachtaí.

**Is féidir na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) agus na bileoga faisnéise ar fad dá dtagraítear sa foilseachán seo a íoslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).**

## 2. RÚNAÍ NA CUIDEACHTA – CEANGLAIS NÓS IMEACHTA

### 2.1 An gá do gach cuideachta rúnaí cuideachta a bheith aici?

Is gá. Ní mór do gach cuideachta atá cláraithe faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 rúnaí cuideachta a bheith aici (“an rúnaí”), lena n-áirítear cuideachtaí teoranta príobháideacha le comhalta aonair.<sup>1</sup> Meastar gur oifigigh na cuideachta iad an rúnaí agus na stiúrthóirí.<sup>2</sup> Cuideachta TEO Acht 2014 - féadfaidh sé nach mbeidh aici ach aon stiúrthóir amháin (ach ní mór rúnaí ar leithligh a bheith aici mura bhfuil ach aon stiúrthóir amháin aici).

### 2.2 Cén duine is féidir leis/léi bheith ina stiúrthóir cuideachta?

Ní mór do gach cuideachta beirt stiúrthóirí a bheith aici ar a laghad, agus rúnaí amháin ar féidir leis/léi bheith ina stiúrthóir. Is féidir le comhlacht corparáideach gníomhú mar rúnaí do chuideachta eile (ach ní dó féin). Má tá an chuideachta ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (cuideachta TEO), tá cead aici gan ach aon stiúrthóir amháin a bheith aici, más inmhianaithe é sin, faoi alt 128 Acht 2014. Níl feidhm aige sin maidir le CPTanna atá ann cheanna (cuideachta príobháideacha faoi theorainn scaireanna a corpraíodh faoi Achtanna na Cuideachtaí roimhe seo) - nach bhfuil comhshóite go fóill chuig cineál cuideachta TEO.

Ní sásamh ar fhoráil a cheanglaíonn nó a údaraíonn rud a dhéanamh ag stiúrthóir agus an rúnaí, nó ina dtaobh, an rud sin a bheith déanta ag an duine céanna nó ina thaobh agus é ag gníomhú ina stiúrthóir agus fós ina rúnaí, nó in ionad an rúnaí.

### 2.3 Cad iad na cáilíochtaí a bhíonn ag teastáil ag rúnaí cuideachta?

Ní gá do rúnaí cuideachta phríobháideach a bheith cáilithe go foirmiúil. Tá an dualgas ar na stiúrthóirí, áfach, gach beart réasúnach a ghlacadh lena áirithiú go bhfuil na scileanna is gá ag an rúnaí (nó ag gach comhrúnaí) chun a chuid/cuid dualgas reachtúil agus dualgas dlíthiúil eile a chomhlíonadh mar aon le haon dualgas eile a bheidh tarmligthe don rúnaí ag na stiúrthóirí. (Alt 129(4) Acht na gCuideachtaí 2014).

I gcás cuideachta príobháidí teoranta (cpt), áfach, ní mór do stiúrthóirí na cuideachta gach beart réasúnach a dhéanamh lena chinntiú, dar leo, go bhfuil an t-eolas agus na taithí ag an rúnaí (nó comhrúnaí) a bhíonn ag teastáil uaidh/uaithi chun glacadh lena f(h)eidhmeanna.<sup>3</sup>

- (a) duine a bhí ina rúnaí ar chuideachta eile ar feadh trí bliana as na cúig bliana díreach roimh an post nua rúnaí a fháil; nó
- (b) duine atá ina c(h)omhalta ar chomhlacht, a ghlacann an tAire Gnó, Fiontar & Nuálaíochta leis i láthair na huaire, chun críocha ailt 1112 (Foras na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte ia ea an t-aon chomhlacht a ghlacadh leis go dtí seo); nó
- (c) duine a mheasann na stiúrthóirí go mbeadh sé/sí ábalta na feidhmeanna sin a chomhlíonadh toisc a p(h)ost nó s(h)ean-phost nó comhaltas eile a bhí aige/aici.

### 2.4. Cad iad na sonraí ar gá do chuideachta a thaifeadadh maidir lena rúnaí?

Cuirtear de cheangal ar chuideachta clár stiúrthóirí agus rúnaí a choimeád ag a hoifig chláraithe. Ní mór an fhaisnéis rúnaí seo a leanas a thaifeadadh sa chlár seo maidir leis an rúnaí:

- Nuair a bhíonn duine aonair i gceist, a (h)ainm reatha, sean-ainmneacha agus a g(h) náthsheoladh cónaithe.
- Nuair a bhíonn comhlacht corparáideach i gceist, ainm agus oifig chláraithe an chomhlachta.<sup>4</sup>

Nuair a bhíonn comhpháirtithe gnólachta ina gcomhrúnaithe cuideachta, is féidir ainm agus príomhoifig an ghnólachta a thabhairt. Cuirtear de cheangal ar an rúnaí faisnéis a thabhairt don chuideachta chun a chur ar a cumas clár cruinn a choimeád.

<sup>1</sup> Alt 129 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>2</sup> Alt 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>3</sup> Alt 1112 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>4</sup> Alt 149 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Cuirtear de cheangal ar chuideachta freisin clár a choimeád de na stiúrthóirí agus an rúnaí.<sup>5</sup> Ní mór do rúnaí faisnéis a thabhairt don chuideachta maidir lena leasanna i scaireanna na cuideachta atá ina s(h)eilbh.<sup>6</sup>

Cuirtear de cheangal ar an rúnaí freisin a chur in iúl don chuideachta i scríbhinn a leasanna i scaireanna nó bintiúir na cuideachta, an méid scaireanna de gach aicme agus an méid bintiúir de gach aicme atá aige/aici sa chuideachta sin, sna cuideachtaí sealbhaíochta agus sna fochuideachtaí. Cuirtear de cheangal air/uirthi freisin a chur in iúl don chuideachta nuair a théann sé/sí i gconradh chun scaireanna nó bintiúir den saghas seo a dhíol, nuair a fhaigheann sé/sí ceart nó nuair a chuireann sé/sí ceart chun feidhme liostáil do scaireanna nó bintiúir na cuideachta nó nuair a fhaigheann sé/sí cead liostáil do scaireanna nó bintiúir i gcuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta de chuid na cuideachta.

## 2.5 Cén faisnéis ar gá a chur in iúl don CRO i ndáil le rúnaí na cuideachta?

Tá sé riachtanach an fhoirm cheart a úsáid agus sonraí ar bith nó athruithe ar shonraí na cuideachta nó a hoifigigh á chur in iúl don CRO. Tá liosta de na foirmeacha seo in Aguisín 2 agus is féidir an liosta seo a foslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Ní mór ainm an chéad rúnaí agus a t(h)oiliú le gníomhú sa cháil sin a sheoladh chuig an CRO in éineacht le meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta – meastar ansin gur ceapadh an duine seo mar rúnaí.<sup>7</sup> Tugtar an faisnéis seo don CRO ag úsáid Foirme **A1**, an fhoirm a úsáidtear le cuideachta a bhunú i dtosach. Glacfar le Alt 129(3) agus alt 25(5) rúnaithe á cheapadh ina dhiaidh sin. *“Ceapfaidh na stiúrthóirí an rúnaí ar feadh téarma áirithe, ag luach saothair áirithe, agus bunaithe ar choinníollacha áirithe is cuí leo, agus is féidir leo rúnaí ar bith a cheapann siad, a bhaint óna p(h)ost freisin.”*

Ní mór sonraí an rúnaí a cheapann cuideachta nua a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B10; cuirtear de cheangal ar an gcuideachta an fhoirm seo a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ón data a thagann athrú ar an rúnaí. Tá toiliú san fhoirm le gníomhú mar rúnaí agus ní mór don rúnaí nua é seo a shíniú. Ní mór don chuideachta a chur in iúl don CRO freisin, ag úsáid Foirme B10, athruithe ar shonraí an rúnaí (i.e. athrú seolta), chomh maith le rúnaí a éiríonn as oifig. Is féidir an fhoirm seo a chomhdú saor in aice ar líne ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie). Cion is ea é mura gcomhdaítear Foirm B10 leis an CRO.

<sup>5</sup> Alt 216 d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>6</sup> Caibidil 5 Chuid 5 d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>7</sup> Alt 22(2) d’Acht na gCuideachtaí 2014

## 3. RÓL AGUS DUALGAIS DE CHUID RÚNAÍ NA CUIDEACHTA

### 3.1 Cad iad na dualgais a bhíonn ag rúnaí cuideachta?

Cuirtear de cheangal ar gach stiúrthóir agus rúnaí cuideachta, de réir reachtaíochta, a chinntiú go mbíonn ceanglais Achtanna na gCuideachtaí á chomhlíonadh ag an gcuideachta.<sup>8</sup>

Ar leith ón dualgas thuas, cé gur oifigeach na cuideachta é/í an rúnaí, ní shonraítear go sainráite in Acht na gCuideachtaí 2014 dualgais an rúnaí. Is iad stiúrthóirí na cuideachta a leagfaidh síos dualgais an rúnaí (dualgais fairsinge go minic), a c(h)oinníollacha ceapacháin agus a t(h)eidlíocht luach saothair. Bíonn conradh seirbhíse nó conradh fostaíochta (conradh ó bhéal nó conradh scríofa) idir an rúnaí agus an chuideachta go minic.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, bíonn an rúnaí freagrach as cionta oibre áirithe, ach is féidir le daoine eile mórchuid de na cionta seo a dhéanamh freisin. Go minic, bíonn an rúnaí agus stiúrthóir amháin freagrach as an gcion oibre céanna (m.sh. síníonn an rúnaí an tuairisceán bliantúil, ach ní mór do cheann de na stiúrthóirí é seo a dhéanamh freisin), nó rúnaí nó stiúrthóir ina (h)anonar.

Faoi mhórchuid d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí, a ghlacann le mainneachtain chuideachta mar chion, beidh ar oifigeach na cuideachta, a bhfuil mainnithe aige/aici, fíneáil nó pionós a íoc. Oifigeach a bhfuil mainnithe aige/aici sainmhínítear é/í mar oifigeach “a údaraíonn, nó a cheadaíonn an mhainneachtain i gceist agus a d(h)ualgas oifigigh á sháru aige/aici”.<sup>9</sup> Toimhdeofar go mbeidh mainneachtain ceadaithe ag oifigeach ach amháin nuair is féidir leis/léi a thaispeáint gur glacadh le gach beart reasúnach chun cosc a chur uirthi, nó nárbh fhéidir leis/léi é sin a dhéanamh de bharr cúinsí nach raibh neart aige/aici orthu.

Feidhmeanna riaracháin a bhíonn ag rúnaí go bunúsach agus ní feidhmeanna bainistíochta. Go minic, mar shampla:

- soláthraíonn an rúnaí tacaíocht agus treoir uileghabhálach dhlíthiúil agus riaracháin don bord stiúrthóirí
- cinntíonn sé/sí go ndéantar cinntí agus teoracha an bhoird i gceart agus go gcuirtear iad in iúl
- bíonn sé/sí freagrach as a chinntiú go gcloíonn an chuideachta leis na ceanglais ábhartha reachtúla agus rialála
- bíonn sé/sí freagrach as teagmháil a dhéanamh leis na scairshealbhóirí
- más riachtanach gníomhaíonn sé/sí mar phríomhoifigeach riaracháin, a dhéanann teagmháil leis an bhfoireann, le custaiméirí, le soláthraithe, leis na meáin agus leis an mbord stiúrthóirí.
- déanann sé/sí doiciméid a fhorghníomhú thar ceann na cuideachta, in éineacht le stiúrthóir

Téann an rúnaí i mbun na ndualgas sonracha seo a leanas go minic freisin

#### (a) Cláir reachtúla agus leabhair mhiontuairiscí a choimeád

Coimeádann rúnaí na cuideachta na cláir éagsúla reachtúla suas chun dáta mar a bhíonn ag teastáil faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is iad seo:<sup>10</sup>

- clár na gcomhaltaí
- clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe
- clár de leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe i scaireanna agus bintiúir
- Cóipeanna d'ionstraimí lena gcruthaítear muirir

Tugtar sonraí níos mó in Aguisín 3 ar conas a choimeádtar taifid reachtúla chuideachta.

#### (b) Cruinnithe comhaltaí a thionól

Leagtar síos in Acht na gCuideachtaí 2014, an t-íosmhéid ama reachtúil ar gá a thabhairt do scairshealbhóirí agus d'iniúcháir na cuideachta roimh chruinniú na cuideachta. Ní mór fógra scríofa a sheoladh chucu tráth nach déanaí ná 21 lá roimh chruinniú ginearálta bliantúil (CGB). I gcás cruinniú

<sup>8</sup> Alt 223 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>9</sup> Alt 270 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>10</sup> Alt 216 d'Acht na gCuideachtaí 2014

ginearálta urghnách (CGU) de chuid cuideachta príobháidí nó neamhtheoranta, ní mór fógra scríofa a sheoladh chucu tráth nach déanaí ná 7 lá roimh an gcruinniú. I gcás cpt, ní mór fógra scríofa a sheoladh amach tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an CGU.<sup>11</sup>

Nuair a bhíonn sé molta glacadh le rún speisialta ag cruinniú, ní mór foclaíocht an rúin speisialta atá molta a shonrú ar an bhfógra.

Nuair a bhíonn comhaltaí cuideachta d'aon ghuth go dteastaíonn uathu cruinniú a thionól, comhaltaí ar féidir leo freastal ar an gcruinniú agus a vóta a thabhairt, tionólfar an cruinniú nuair a bhíonn iniúchóirí na cuideachta den tuairim chéanna, d'ainneoin tréimhse fógra níos giorra.

### **(c) A chinntiú go gcomhlíontar na foirmeacha reachtúla agus go gcomhdaítear iad in am**

Ba chóir athruithe ar stádas oifig chláraithe na cuideachta, ar a hoifigigh nó ar shonraí na n-oifigeach a chur in iúl don CRO ag úsáid na foirmeacha ábhartha reachtúla. Ní mór na foirmeacha seo a chomhlánú i gceart agus ní mór d'oifigeach reatha na cuideachta iad a shíniú de réir thaifid na CRO. Nuair a cheaptar rúnaí nua chuig cuideachta, ní mór éirí as an iar-rúnaí a shonrú ar an bhfoirm chéanna chun an t-athrú ar an gceapachán a chomharthú.

Cuirtear athrú ar oifig chláraithe in iúl don CRO ag úsáid **Foirme B2**. Úsáidtear Foirm B10 le hathrú ar stiúrthóir nó rúnaí nó ar a sonraí a chur in iúl don CRO, ar nós athraithe ainm nó seolta. Ní mór na hathruithe seo a chur in iúl don CRO, de bhua reachta, tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a tharlaíonn an t-athrú. Is féidir Foirmeacha B2 agus B10 a chomhdú go leictreonach saor in aisce ag [www.core.ie](http://www.core.ie) (Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Caibidil 4.)

### **(d) Cóipeanna de na rúin lena nglacann an chuideachta a sheachadadh don CRO**

Ní mór rúin speisialta, agus rúin áirithe eile, a sheachadadh don CRO tráth nach déanaí ná 15 lá ón dáta a glacadh leo (féach **4.1.5** le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le rúin). Mura gcomhdaítear rún, ní neamhbhailítear é, ach is féidir pionós a ghearradh ar an gcuideachta agus ar na hoifigigh i gceist. (Cion Catagóir 4)

Is iad na rúin ar gá iad a chomhdú leis an CRO, i dteannta le rúin speisialta, ná:

- rúin d'aon ghuth a ghlacfaí leo mar rúin speisialta i gcásanna nach n-aontaíonn gach duine leo
- rúin lena nglacann na comhaltaí go léir ar gá glacadh leo de réir tromlaigh nó ábhair áirithe i gcásanna nach n-aontaíonn gach duine leo
- gach rún a cheanglaíonn aicme áirithe scairshealbhóirí
- rúin a mhéadaíonn scairchaipiteal na cuideachta
- rúin lena dtugtar údarás chun scaireanna a leithroinnt
- rúin lena ndéantar méadú nó laghdú ar scairchaipiteal údaraithe na cuideachta
- rúin chun cearta nó srianta a chur ag gabháil le haon scair
- rúin chun aon chearta nó srianta den sórt sin a athrú
- rúin chun aon scair neamhaicmithe a aicmiú
- rúin chun scaireanna de chineál amháin a chomhshó ina scaireanna de chineál eile
- rúin chun scairchaipiteal a chomhshó ina stoc agus rúin chun stoc a chomhshó ina scairchaipiteal
- rúin go ndéanfadh an chuideachta a fhoirceannadh go toilteanach

### **(e) Cóip de ráitis arigeadais na cuideachta a thabhairt do gach comhalta, gach sealbhóir bintiúir agus gach duine atá i dteideal fógra a fháil faoi chruinnithe ginearálta**

Ní mór na raiteas airgeadais a sheoladh amach tráth nach déanaí ná 21 lá roimh chruinniú na cuideachta ina gcuirfead iad i láthair.<sup>12</sup>

### **(f) Miontuairiscí a choimeád nó socrú a dhéanamh le miontuairiscí a choimeád de chruinnithe na stiúrthóirí nó cruinnithe ginearálta**

Cuirtear de cheangal ar chuideachta de réir reachta, miontuairiscí de na himeachtaí ar fad ag cruinnithe ginearálta a chur síos, chomh luath agus is féidir, sna leabhair a choimeádtar chun na críocha sin.<sup>13</sup>

<sup>11</sup> Alt 1102 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>12</sup> Alt 338 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>13</sup> Alt 199(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014



### **(g) A chinntiú gur féidir leo siúd atá i dteideal, scrúdú a dhéanamh ar thaifid na cuideachta**

Is féidir le comhaltaí na cuideachta, oifigigh na cuideachta agus an pobal i gcoitinne scrúdú a dhéanamh ar na taifid.

### **(h) Séala na cuideachta a choimeád agus a úsáid**

Ní mór do gach cuideachta séala a bheith aici, ina mbíonn a hainm curtha síos go soiléir. Bíonn an rúnaí freagrach go minic as séala na cuideachta a choimeád slán. Seachas in alt 43 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, déantar foráil ghinearálta i mbunreacht cuideachta do ghreamú agus fianú shéala na cuideachta. Foráiltear mar seo a leanas in alt 43 (aistriúchán neamhoifigiúil): “Má tá duine cláraithe ceaptha ag an gcuideachta féadfaidh an duine sin séala na cuideachta a úsáid, agus aon ionstraim dá mbeidh séala na cuideachta greamaithe agus é arna úsáid ag an duine cláraithe, beidh sé sínithe ag an duine sin agus comhshínithe ag an rúnaí nó ag stiúrthóir de chuid na cuideachta nó ag duine éigin eile a bheidh ceaptha ag a stiúrthóirí chun na críche sin”

### **(i) A chinntiú go gcloíonn an chuideachta leis an dualgas chun a hainm a fhoilsiú**

Cuirtear de cheangal ar chuideachta a hainm a phéinteáil nó a ghreamú in áit fheiceálach, i litreacha inléite, ar thaobh amuigh a cuid oifige nó na háite ina mbíonn gnó ar siúl aici.<sup>14</sup> Cuirtear de cheangal ar chuideachta freisin a hainm a lua i gcarachtair inléite ar litreacha gnó agus ar sheiceanna, sonraisc agus admhálacha go léir de chuid na cuideachta. Is féidir fíneáil a ghearradh ar an gcuideachta agus ar oifigeach ar bith a sháraíonn an ceanglas thuas. Beidh oifigeach na cuideachta faoi dhliteanas fíneála má eisíonn sé/sí litir ghnó nó má thugann sé/sí údarás do litir ghnó a eisiúint nó má shíníonn sé/sí seic nó ordú earraí, nach mbíonn ainm na cuideachta curtha síos orthu i gcarachtair inléite. Beidh sé/sí faoi dhliteanas pearsanta freisin má theipeann ar an gcuideachta an méid airgid a íoc a thaispeántar ar an seic nó ordú earraí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar cheanglais iomlána nochta na cuideachta, féach Bileog Faisnéise Uimh. 7, “Ceanglais Nochta agus Foilseacháin maidir le hAinmneacha Cuideachtaí agus Gnó”.

### **(j) A chinntiú go dtaispeántar sonraí na stiúrthóirí ar litreacha gnó na cuideachta**

Cuirtear de cheangal ar chuideachta na sonraí seo a leanas maidir lena stiúrthóirí a shonrú i gcarachtair inléite sna litreacha gnó ar fad, ina dtaispeántar ainm na cuideachta, a sheoltar iad chuig duine ar bith.

- (i) réamhainm reatha, nó inisealacha, agus sloinne reatha;
- (ii) sean-réamhainmneacha nó sean-sloinnnte ar bith; agus
- (iii) a náisiúntacht, murab Éireannach atá i gceist.<sup>15</sup>

Chun críocha an cheanglais seo, “stiúrthóir” is ea duine ar bith a thugann treoracha nó teagasca lena nglacann stiúrthóirí na cuideachta de ghnáth. Is féidir fíneáil a ghearradh ar an gcuideachta nó ar oifigeach ar bith a theipeann air/uirthi a chinntiú go sonraítear na sonraí sin ar stáiseanóireacht na cuideachta.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Bileog Faisnéise Uimh. 7, “Ceanglais Nochta agus Foilseacháin maidir le hAinmneacha Cuideachtaí agus Gnó”.

## **3.2 Cad iad na cearta a bhíonn ag rúnaí cuideachta?**

Ní thugtar cearta sonracha do rúnaí faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Braitheann na cearta a d'fhéadfadh a bheith ag rúnaí ar an gconradh fostaíochta idir é/í féin agus an chuideachta (más ann) nó tagann siad faoin dlí ginearálta fostaíochta.

<sup>14</sup> Alt 49 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>15</sup> Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014

## 4. DOICIMÉID A CHOMHDÚ AG AN CRO

Tá liosta iomlán de na foirmeacha CRO leagtha amach in Aguisín 2 ar féidir é a íoslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

### 4.1 Doiciméid diúltaithe ag an CRO a sheachadtar iad le hiad a chlárú

Béimid in ann doiciméad a dhiúltiú a theipeann air cloí (féach Aguisín 4) le ceanglas ar bith de chuid Achtanna na gCuideachtaí nó ceanglas ar bith a chuirtear chun feidhme faoin reachtaíocht a bhaineann le doiciméad a chomhlánú, trí fhógra a thabhairt don láithreoir, a thugann mionsonraí ar chúiseanna an diúltaithe. Measfar nár seachadadh an doiciméad bunúsach don CRO ach amháin nuair a sheolann an láithreoir doiciméad eile chugainn, laistigh de 14 lá, a chloíonn leis an bhfógra.

Agus ullmhúcháin á dhéanamh don phróiseas seo, tá liosta uileghabhálach á chur le chéile againn de na cúiseanna a bhíonn le doiciméid a dhiúltiú. Tá an leagan is déanaí den liosta seo le fáil i mBileog Faisnéise Uimh. 21, “Forais le Doiciméid a Chur ar Ais chuig Láithreoirí”.

Is iad seo a leanas na foirmeacha agus na doiciméid a chomhdaítear go coitianta – rúnaí na cuideachta a dhéanann é seo de ghnáth:

#### 4.1.1 Foirm B1 (tuairisceán bliantúil)

Cuirtear de cheangal ar chuideachta, cibé an mbíonn sí ag trádáil nó nach mbíonn, tuairisceán bliantúil a sheachadadh don CRO uair sa bhliain ar a laghad.<sup>16</sup> Áirítear i dtuairisceán bliantúil sonraí ar stiúrthóir na cuideachta agus an rúnaí, a hoifig chlárúithe, agus sonraí a scairshealbhóirí agus a scairchaipitil. Ní mór do stiúrthóir agus do rúnaí na cuideachta an tuairisceán a shíniú. Má bhíonn an rúnaí ina stiúrthóir freisin, ní mór dó/di an doiciméad a shíniú mar stiúrthóir nó rúnaí amháin.

Tá leagan de Fhoirm B1 le fáil ar líne ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Ach i gcás amháin, ní mór tuairisceán bliantúil na cuideachta a chur isteach in aghaidh na bliana suas go dtí dáta áirithe roimh Dháta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) na cuideachta.<sup>17</sup> Ní mór do chuideachta nua a chéad tuairisceán bliantúil a chur isteach roimh an chéad DTB – ní féidir dáta níos lú a úsáid.

#### DTB

Dáta sonrach bliantúil is ea an DTB a leagtar amach de bhun reachta do na cuideachtaí go léir ar gá dóibh tuairisceán bliantúil a chomhdú. Cuideachtaí nua a ionchorpraíodh - is é an DTB a bhíonn acu ná sé mhí i ndiaidh an dáta ionchorpraithe.<sup>18</sup> Bíonn 12 mhí idir DTBaí, ach amháin nuair a athraíonn an chuideachta an dáta sin. D'fhéadfadh cuideachta a DTB a athrú toisc gur gá raiteas airgeadais a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil,<sup>19</sup> cuntais a cuireadh le chéile tráth nach déanaí ná naoi mí roimh DTB na cuideachta (“an riail naoi mí”). D'athraigh a lán cuideachtaí a DTB, a bhí ainmnithe go reachtúil, toisc an riail naoi mí seo. Athraítear an DTB trí DTB níos lú nó níos déanaí a roghnú.<sup>20</sup>

Is féidir DTB cuideachtaí a sheiceáil saor in aisce ag <https://search.cro.ie/company/>

#### Spriocdháta comhdaithe an tuairisceáin bhliantúil agus pionós comhdaithe déanach

Ní mór an tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta go dtí gcuireadh an tuairisceán le chéile. Nuair is gá cuntais a chur i gceangal leis an tuairisceán bliantúil<sup>21</sup> is é an spriocdháta comhdaithe:

- DTB na cuideachta móide 28 lá, nó
- deireadh na bliana airgeadais de chuid na cuideachta móide naoi mí agus 28 lá, cibé dáta acu sin is luaithe.

<sup>16</sup> Alt 343(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>17</sup> Alt 343 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>18</sup> Alt 345(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 Tabhair faoi deara le do thoil, nach gá cuntais a chur i gceangal leis an gcéad tuairisceán bliantúil tar éis do chuideachta a ionchorprú (alt 349).

<sup>19</sup> Féach thíos, “Ceanglais raiteas airgeadais”.

<sup>20</sup> Féach thíos “Conas DTB nua a ainmniú”.

<sup>21</sup> Féach thíos, “Ceanglais raiteas airgeadais”.

Bíonn táille comhdaithe déanach €100 dlite i leith tuairisceáin bhliantúil an lá tar éis an spriocdháta comhdaithe, i.e. 28 lá tar éis dháta éifeachtach an tuairisceáin, le táille laethúil €3 le hóc ina dhiaidh sin, suas go dtí uasmhéid €1,200 in aghaidh an tuairisceáin. Íoctar an táille seo in éineacht le táille caighdeánach comhdaithe €20 do gach tuairisceán bliantúil. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim nach féidir táillí chomhdaithe déanach a asbhaint ó thaobh cánach de.

Is féidir le cuideachta iarratas ar ordú a dhéanamh chuig an gcúirt (an Cúirt Dúiche) agus é curtha in iúl don CRO, chun spriocdháta níos déanaí a fháil.<sup>22</sup> Tugann sé seo níos mó ama di chun a tuairisceán a chomhdú, ach ní thiocfaidh athrú ar DTB na cuideachta sna blianta ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, tá cumhacht ag Cláraitheoir na gCuideachtaí freisin fíneáil ar an láthair a ghearradh ar an gcuideachta nuair a theipeann uirthi a tuairisceán bliantúil a chomhdú roimh an dáta nua seo. Cuideachta a theipeann uirthi i gcónaí a tuairisceáin bhliantúla a chomhdú in am, díreofar uirthi ar an gcuma seo. Is féidir leis an gCláraitheoir an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche ar ionchúiseamh mura n-íoctar an fhíneáil.<sup>23</sup>

Mura gcomhdaítear an tuairisceán bliantúil in am nó mura gcomhdaítear é in aon chor, is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí an chuideachta, a stiúrtóirí agus a rúnaí a ionchúiseamh. (Cion Catagóir 3). Cion Catagóir 3 - cion achomair amháin, is inphionóis le téarma príosúnachta suas le sé mhí agus forchur “fíneála d’Aicme A” (nó iad araon); agus cion catagóir 4 – cion achomair amháin freisin, is inphionóis le forchur “fíneála d’Aicme A”. Ciallaíonn “fíneáil d’Aicme A” fíneáil de réir bhrí an Achta Fíneálacha 2010 (i.e. fíneáil nach mó ná €5,000).

Faoi Alt 797 d’Acht na gCuideachtaí 2014, Cumhachtaítear an Cláraitheoir, ar dhul in éag tréimshe de 14 lá tar éis fógra a eisiúint chuig do chuideachta agus/nó chuig stiúrtóirí na gcuideachta, i gcás nach gcomhdofar tuairisceán bliantúil nó tuairisceáin bhliantúla atá dlíthe isteach faoi dheireadh na tréimshe sin, iarratas a dhéanamh chuig an Ard Chúirt ar ordú a threoirí don chuideachta a mainneachtain a shlánú laistigh den tréimshe sin a d’fhéadfaidh an Chúirt a shonrú agus go n-íocfaidh oifigigh na cuideachta atá freagrach as an mainneachtain costais an iarratais agus aon chostais eile a bhainneann leis an iarratas.

Baineann bearta forfheidhmithe atá curtha i bhfeidhm ag an CRO leis na tuairisceáin bhliantúla atá comhdaithe ag cuideachta le blianta beaga. Nuair a theipeann ar chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú in am cuireann sé seo isteach ar stair chomhlíonta na cuideachta agus d’fhéadfaidh an Oifig seo bearta forfheidhmithe a dhéanamh i leith na cuideachta seo am atá le teacht.

### **Conas DTB nua a ainmniú**

#### ***DTB níos lú a ainmniú***

*(Tabhair faoi deara: Ní bhaineann an pointe seo le cuideachtaí ionchorpraithe nua agus an **chéad** thuairisceán bliantúil á chomhdú acu.)*

Le DTB níos lú a ainmniú, is féidir le cuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú a cuireadh le chéile suas go dtí dáta roimh DTB reatha na cuideachta.

Cuideachta a bhíonn tuairisceán bliantúil ullmhaithe aici roimh an DTB reatha, is féidir léi tuairisceán a chomhdú a cuireadh le chéile suas go dtí dáta roimh an DTB reatha. Má theastaíonn uaithi, áfach, an DTB a bhí aici cheana a choimeád don bhliain ina dhiaidh sin, ní mór di é seo a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B1. Nuair a roghnaíonn an chuideachta an DTB céanna a bhí aici cheana don bhliain ina dhiaidh sin, cuir tic sa bhosca sa rannóg chuí den Fhoirm B1. Nuair a roghnaíonn an chuideachta an DTB céanna a úsáidtear i mbliana, ba chóir tic a chur sa dara bhosca. Mura gcuirtear tic sna boscaí agus má chomhdaítear tuairisceán atá curtha le chéile suas go dtí dáta atá níos luaithe ná an DTB reatha, seolfaidh an CRO an fhoirm ar ais chuig an láithreoir le hí a cheartú.

I ngach cás, ní mór tuairisceán bliantúil a sheachadadh don CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta “go dtí go gcuirtear í le chéile”. Dá bhrí sin, ní mór do chuideachta a theastaíonn uaithi a tuairisceán a chomhdú go luath ach a roghnaíonn an DTB atá aici cheana, nó cuideachta a roghnaíonn DTB níos luaithe do na blianta ina dhiaidh sin, Foirm B1 a chomhdú tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta go dtí go ndéantar an tuairisceán a leirítear ar an bhfoirm.

#### ***DTB níos déanaí a ainmniú***

<sup>22</sup> Alt 343(5) den Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>23</sup> Alt 874 den Acht na gCuideachtaí 2014

Úsáidtear Foirm B73 le DTB níos déanaí a shocrú. Ní féidir le cuideachta Foirm B73 a chomhdú ach gach cúig bliana.

Má theastaíonn ó do chuideachta a DTB reatha a shíniú, is féidir léi é seo a dhéanamh:

- trí thuairisceán bliantúil a sheachadadh don CRO tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis a DTB reatha, nach gá ráitis airgeadais a chur i gceangal leis; agus
- trí DTB nua a ainmniú ar Fhoirm B73, dáta tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis a DTB reatha.

**Nóta Tábhachtach – Ní mór Foirm B73 a sheachadadh don CRO, de bhua reachta, tráth nach déanaí ná 28 lá ó DTB reatha na cuideachta. Mar ábhar dlí, ní bhíonn éifeacht ag Foirm B73 agus ní féidir leis an CRO glacadh léi nuair a chomhdaítear í breis is 28 lá ó DTB reatha na cuideachta.**

Ní mór do chuideachtaí nua ráitis airgeadais a chomhdú leis an dara thuairisceán bliantúil, tuairisceán ar gá a bheith curtha le chéile suas go dtí dáta nach déanaí ná 18 mí ó ionchorpraíodh an chuideachta, ach amháin nuair a athraíonn an chuideachta a DTB. Is féidir leis na cuideachtaí seo a DTB a shíniú ag úsáid Foirme B73 agus an nós imeachta ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Bíonn ar an gcuideachta CGB a thionól i gcónaí tráth nach déanaí ná 18 mí ó ionchorpraítear an chuideachta. Ina theannta sin, ní mór di ráitis airgeadais a chur i láthair ag an gCGB tráth nach déanaí ná 9 mí ó dháta an chláir chomhardaithe. *Ní chóir Foirm B73 a chomhdú leis an gcéad thuairisceán bliantúil de chuid na cuideachta, toisc go ngiorróidh sé seo an méid ama a thugtar don chuideachta le ráitis airgeadais a chomhdú lena tuairisceán bliantúil.*

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Bileog Faisnéise Uimh. 23, “Ceanglais maidir le Tuairisceán Bliantúil”.

### Ceanglais ráitis airgeadais

Ní mór ráitis airgeadais chuideachta a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil.<sup>24</sup>

Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais chuideachta, ach amháin nuair a bhíonn díolúine faighte ag an gcuideachta ó iniúchóir a bheith aici agus nuair a chuireann an chuideachta iarratas isteach ar an díolúine seo de réir Chaibidil 15 Chuid 6 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Ní mór do na cuntais a chuirtear i gceangal le tuairisceán bliantúil:

- (a) i gcás an chéad thuairisceáin bhliantúil lena gcuirtear cuntais, an tréimhse ó ionchorpraíodh an chuideachta ar aghaidh a chlúdú;
- (b) i ngach aon chás eile, ó dheireadh na tréimhse is déanaí ar aghaidh a comhdaíodh cuntais leis an CRO.

Ina theannta sin, ní mór na cuntais a chur le chéile suas go dtí dáta tráth nach luaithe ná naoi mí ón dáta go dtí go gcuireadh an tuairisceán bliantúil le chéile (an “riail naoi mí”).<sup>25</sup>

Ráitis airgeadais a theipeann orthu cloí leis na ceanglais thuas, d’fhéadfadh an CRO iad a dhiúltú.

Tá cuideachtaí beaga/micrea mar a shainítear in alt 280A/280D d’Acht na gCuideachtaí 2014, i dteideal díolúintí áirithe maidir leis na ceanglais chomhdaithe ráitis airgeadais atá leagtha síos in Acht na gCuideachtaí 2014.<sup>26</sup>

Ní mór cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite bhainc nó institiúidí airgeadais eile a ullmhú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Institiúidí Creidmheasa: Cuntais) 2015.

Ní mór cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais a ullmhú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais na nGnóthas Árachais) 2015.

Cuideachta is foghnóthas de ghnóthas sealbhaíochta atá bunaithe faoi dhlíthe stát de chuid LEE,

<sup>24</sup> Alt 347 d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>25</sup> Alt 347(4) d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>26</sup> Ailt 350-357 d’Acht na gCuideachtaí 2014

beidh sí díolmhaithe,<sup>27</sup> maidir le haon bhliain airgeadais ar leith, ón gceanglas a cuid Ráiteas Airgeadais féin a chur i gceangal lena tuairisceán bliantúil agus féadfaidh sí Ráitis Airgeadais Ghrúpa a chur i gceangal leo ina n-ionad sin ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- fógra a shonraíonn go bhfuil díolúine faighte ag an gcuideachta faoi alt 357<sup>28</sup>
- cóip de ráthaíocht an mháthairghnóthais maidir le dlíteanais na fochuideachta<sup>29</sup>
- fógra ón gcuideachta a chuireann an ráthaíocht in iúl do na scairshealbhóirí<sup>30</sup>
- dearbhú ón bhfochuideachta go bhfuil cead faighte ó na scairshealbhóirí le haghaidh na díolúine,
- dearbhú atá sínithe ag an rúnaí nó ag stiúrthóir<sup>31</sup>
- ráitis airgeadais chomhdhlúite an cuideachta shealbhaíochta (ba chóir díolúine na fochuideachta a nochtadh i nóta a ghabhann leis na ráitis airgeadais)<sup>32</sup>

Ní mór grúpráitis airgeadais a ullmhú de réir alt 294 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

### **Liosta de na hearráidí is coitianta a bhaineann le Foirm B1 a chomhdú**

Seo liosta de na hearráidí is coitianta a bhíonn le feiceáil i bhFoirmeacha B1:

- Níor shínigh stiúrthóir nó rúnaí an fhoirm
- Úsáidtear seoladh oifige cláraithe atá difriúil ón seoladh i mbunachar sonraí na CRO
- Úsáidtear sonraí stiúrthóra/rúnaí atá difriúil ó na sonraí i mbunachar sonraí na CRO
- Bíonn tuairisceáin bhliantúla fós le comhdú
- Níl duine ar bith de na stiúrthóirí ina c(h)ónaí in LEE

#### **4.1.2 Foirm B2 (athrú ar oifig chláráithe)**

Cuirtear de cheangal ar gach cuideachta de réir dlí, oifig chláráithe a bheith aici sa dlínse. Seoltar na doiciméid oifigiúla, fógraí agus páipéir chúirte ar fad chuig an seoladh seo de réir dlí.

Ní mór suíomh fisiceach a úsáid, ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chláráithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chláir agus doiciméid áirithe agus le doiciméid a sheachadadh de láimh.

Ní mór do chuideachta an CRO a choinneáil ar an eolas maidir le suíomh a hoifige cláraithe. Seoltar an chumarsáid oifigiúil ar fad chuig an seoladh sin. Ba chóir a thabhairt faoi deara má athraíonn cuideachta a hoifig chláráithe, agus mura gcuirtear an t-athrú seo in iúl don CRO, go nglactar leis na doiciméid go léir a ligtear ag seoladh na cuideachta atá ag an CRO nó a sheoltar chuig an seoladh seo mar dhoiciméid a ligeadh ag oifig chláráithe na cuideachta nó a seoladh chuig an oifig seo, in ainneoin go bhfuil athrú tagtha ar a hoifig chláráithe.

Cuireann cuideachta athrú ar a hoifig chláráithe in iúl don CRO trí Fhoirm B2 a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an CRO. Cuirtear an t-athrú chun feidhme go dlíthiúil nuair a bhíonn an fhoirm cláraithe ag an CRO. Is féidir Foirm B2 a chomhdú saor in aisce tríd an leagan gréasáin a chomhlánú ar [www.core.ie](http://www.core.ie). Cion is ea é mura gcomhdaítear Foirm B2 nuair is gá é seo a dhéanamh.<sup>33</sup>

Féadfar oifig chláráithe cuideachta a chur faoi chúram gníomhaire a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chuige sin ag Cláráitheoir na gCuideachtaí.

#### **4.1.3 Foirm B10 (athrú ar stiúrthóirí nó rúnaí nó a sonraí)**

Déanann cuideachta Foirm B10 a chomhdú d'fhonn a chur in iúl gur ceapadh oifigeach tar éis a hionchorpraithe, gur tháinig deireadh le ceapachán oifigigh (éirí as oifig, cailliúint poist, bás, srl.) nó d'fhonn a chur in iúl don CRO gur tháinig athrú ar shonraí oifigigh m.sh. athrú ainm nó seoladh cónaithe nua.

<sup>27</sup> Alt 357 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>28</sup> Alt 294 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>29</sup> Alt 357(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>30</sup> Alt 357(1)(c) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>31</sup> Alt 357(1)(f)(ii) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>32</sup> Alt 357(1)(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>33</sup> Alt 50(6) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Cion Catagóir 4

Nuair is féidir stiúrthóir eile nó stiúrthóir ionaid a cheapadh faoi alt 165 Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór an t-athrú seo a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B10. Nuair a éiríonn duine as a p(h)ost mar stiúrthóir ionaid, cibé de bharr fhoirceannadh an stiúrthóra lánaimseartha nó cúise eile ar bith, ní mór a chur in iúl go sonrach don CRO gur cuireadh deireadh le ceapachán an stiúrthóra ionaid.

Ní mór Foirm B10 a sheoladh chuig an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta ar tharla an t-athrú. Is féidir an fhoirm a chomhdú saor in aisce tríd an leagan gréasáin a chomhlánú ar [www.core.ie](http://www.core.ie). Cion Chatagóir 3 is ea é mura gcomhdaítear Foirm B10. Má tá an chuideachta ina cuideachta phríombháideach faoi theorainn scaireanna (cuideachta TEO), tá cead aici gan ach aon stiúrthóir amháin a bheith aici<sup>34</sup>, más inmhianaithe é sin, faoi alt 128 Acht 2014. Níl feidhm aige sin maidir le CPTanna atá ann cheanna (cuideachta príobháideacha faoi theorainn scaireanna a corpraíodh faoi Achtanna na Cuideachtaí roimhe seo) - nach bhfuil comhshóite go fóill chuig cineál cuideachta TEO.

Ní mór d'oifigeach reatha na cuideachta Foirm B10 a shíniú; ní féidir le hoifigeach a d'éirigh as oifig an fhoirm a shíniú.

Cuirtear de cheangal ar chuideachta beirt stiúrthóirí a bheith aici ar a laghad. Ní mór do gach stiúrthóir agus gach rúnaí a bheith 18 mbliana d'aois nó os a chionn.<sup>35</sup> Dá réir sin, diúltófar Foirm B10 agus seolfar í ar ais chuig an láithreoir mura léirítear stiúrthóir ionaid inti, nó i gcás go mbeadh níos lú ná beirt stiúrthóirí aici, an t-uasmhéid stiúrthóirí reachtúil, nuair a chuirtear in iúl go bhfuil deireadh tagtha le stiúrthóireacht. Ar an gcuma chéanna, nuair a chuirtear in iúl don CRO ag úsáid Foirme B10 go bhfuil deireadh tagtha le ceapachán stiúrthóra, ní mór stiúrthóir ionaid a chur in iúl ar an bhfoirm, ag féachaint don cheanglas reachtúil gur gá do gach cuideachta rúnaí a bheith aici.

Nuair a chuirtear in iúl go gcuirtear deireadh le stiúrthóireacht agus nach mbeadh stiúrthóir ag an gcuideachta atá ina c(h)ónaí in Éirinn mar gheall ar an athrú seo<sup>36</sup> ní mór Banna a chur isteach le Foirm B10, a úsáidtear leis an athrú seo a chur in iúl don CRO,<sup>37</sup> ach amháin nuair a bhíonn deimhniú alt 140 i bhfeidhm maidir leis an gcuideachta. (Deimhniú is ea é seo go bhfuil nasc fíor agus leanúnach idir an chuideachta agus gníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhíonn ar siúl sa Stát; cuirtear iarratas isteach ar an deimhniú seo ag úsáid Foirme **B67**). Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an gceanglas gur gá do chuideachta stiúrthóir amháin a bheith aici ar a laghad a chónaíonn in Éirinn, féach Bileog Faisnéise Uimh. 17, "Ceanglas chun Stiúrthóir a Chónaíonn in LEE a Bheith ag Cuideachta".

Cuirtear de cheangal ar dhuine ar bith á cheapadh mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn, **Foirm B74** a chomhlánú, nuair a bhíonn an duine sin dícháilithe óna bheith ina stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corparáideach nó gnólacht i ndlínse thar lear.<sup>38</sup> Leagtar amach i bhFoirm B74 an dlínse ina bhfuil an duine dícháilithe, an dáta ar a dícháilíodh é/í agus an tréimhse dhícháilithe.

Má bhíonn duine dícháilithe thar lear óna bheith ina stiúrthóir, agus má úsáidtear Foirm B10 chun an ceapachán a chur in iúl don CRO, cuirtear de cheangal ar an duine sin a chinntiú go gcuirtear Foirm B74, atá comhlánaithe i gceart, isteach le Foirm B10. Ní mór dó/dí an fhoirm a shíniú freisin.

Agus Foirm B74 faighte ag an CRO, cuireann sí é seo in iúl d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE). Is féidir leis an ODCE iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, de bhun alt 842(i) d'Acht na gCuideachtaí 2014, le duine atá dícháilithe thar lear a dhícháiliú sa dlínse seo freisin. Is féidir leis an Ard-Chúirt ordú den sórt sin a dhéanamh má bhíonn sí sásta go mbeadh sé ceart duine a dhícháiliú faoi alt 842 i gcás gur in Éirinn a tharla an iompraíocht ar a mbunaítear an t-ordú.

Mura ndéantar Foirm B74 a sheachadadh don CRO in éineacht le Foirm B10 nó má sholáthraítear ábhar bréagach nó míthreorach sa bhfoirm B74 a bhíonn sínithe ag an duine dícháilithe, meastar, nuair a sheachadtar Foirm B10 don CRO, go mbeidh an duine **áirithe faoi réir ordaithe dícháilithe fad is a leanann an t-ordú dícháilithe thar lear.**<sup>39</sup>

Mura ndéantar Foirm B74 nó B10 a sheachadadh, dícháilítear an duine áirithe go huathoibríoch ó

<sup>34</sup> Alt 128 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>35</sup> Alt 131 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>36</sup> Alt 137(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>37</sup> Alt 137(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>38</sup> Tabhair faoi deara gur gá Foirm B74 a chur isteach le Foirm A1 (foirm ionchorpraithe) nuair a bhíonn duine ar bith de stiúrthóirí na cuideachta dícháilithe thar lear.

<sup>39</sup> Alt 840 d'Acht na gCuideachtaí 2014



bheith ina (h)iniúcháir, stiúrtóir nó oifigeach eile, g(h)lacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir agus cuirtear cosc air/uirthi a bheith bainteach le nó páirt a ghlacadh i mbealach ar bith, cé acu go díreach nó go hindíreach, i gcuideachta nó cumann ar bith a chur chun cinn, a fhoirmiú nó a bhainistiú, atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2018.

Sa chás ina bhfuil aon stiúrtóir (a ceapadh cheana féin chuig cuideachta) dicháilithe i ndlínse eachtrach, nó sa chás ina ndéanfar é nó i a dhícháiliú i ndlínse eachtrach, ní mór an fhoirm B74a a chur isteach chuig an CRO.

**Nóta Tábhachtach – Ní féidir an dícháiliú seo a fhreaschur trí Fhoirm B74 a sheachadadh go déanach don CRO, nó nuair a bhíonn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach san fhoirm, trí Fhoirm B74 leasaithe a chomhdú leis an CRO.**

Is é an t-aon rud ar féidir leis an duine i gceist a dhéanamh ná iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, de bhun alt 847 d'Acht na gCuideachtaí 2014, leis an dícháiliú a fhreaschur go hiomlán nó i bpáirt. Is féidir leis an gcúirt an dícháiliú a fhreaschur de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a cheapann sí a bheith cuí, nuair a mheasann sí go mbeadh sé cóir cothromasach.

#### 4.1.4 Foirm B5 (scaireanna a chionnroinnt)

Ní mór cionnroinnt scaireanna ag cuideachta faoi theorainn scaireanna, nó ag cuideachta faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal, a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B5 tráth nach deanaí ná mí amháin ó dháta na cionnanna.<sup>40</sup>

Ó cuireadh deireadh le dleacht chaipitil na gcuideachtaí le héifeacht ón 7 Nollaig 2005 ar aghaidh, is féidir Foirm B5 le héifeacht ón dáta sin nó ina dhiaidh sin a chomhdú go díreach leis an CRO. Ní chóir ach Foirm B5 le héifeacht ó dháta roimh an 7 Nollaig 2005 a chomhdú anois le hOifig Stampála na gCoimisinéirí Ioncaim in éineacht leis an táille chlárúcháin (€15 móide an dleacht chaipitil chuí). Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhíonn freagrach as dleacht chaipitil.

Tar éis na sonraí dleachta caipitil a dhíscor, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim Foirm B5 ar aghaidh chuig an CRO.

#### 4.1.5 Foirm G1/G2 (rúin)

**(a) Rúin speisialta/Gnáthrúin** (seachas rúin le haghaidh ainm a athrú) a chuirtear i láthair le hiad a chomhdú, ní mór iad a chló nó a chlósscríobh agus an dáta a chur orthu. Ní mór d'oifigeach reatha na cuideachta an rún a shíniú de réir thaifid na CRO. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann rialacha speisialta le rúin a cheadú a chabhraíonn le cuideachta a scaireanna féin a cheannach. Is féidir na rúin seo a chomhdú saor in aisce ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

**(b) Ní mór rúin speisialta le haghaidh ainm a athrú (Foirm G1Q)** a chló nó a chlósscríobh agus an dáta a chur orthu agus ní mór an t-ainm cuideachta céanna a úsáid a bhíonn scríofa ar an deimhniú ionchorpraithe. Ní chóir rún ar bith eile a lua ar an bhfoirm seo. Ní mór cóip den bunreacht athcheartaithe, a thaispeánann ainm nua na cuideachta, a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm agus an rún. Is féidir na rúin seo a chomhdú ar chostas €50 (i gcomparáid le €100 do chóipeanna páipéir) ag [www.core.ie](http://www.core.ie).

Rúin a leasaíonn an bunreacht de chuid cuideachta teoranta, ní mór téacs leasaithe a chur isteach leo ina ionchorpraítear na hathruithe ar fad a tharla ón am a comhdaíodh an meabhrán bunaidh agus na hairteagail chomhlachais bhunaidh. Ní mór **Foirm B4** a chur isteach freisin nuair a thagann méadú ar an scairchaipiteal de bharr rúin. Ní mór **Foirm B7** a chur isteach freisin nuair a dhéantar an scairchaipiteal a chealú (seachas de bharr ordaithe cúirte), a chomhdhlúthú, a fhoroinnt nó a fhuascailt.

#### 4.1.6 Foirm H1 (cuideachta a athbhunú)

Is féidir cuideachta a scriosadh as an gclár má theipeann uirthi a tuairisceáin bhliantúla a chomhdú nó bunfhaisnéis áirithe a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ar iarratas uathu.<sup>41</sup>

<sup>40</sup> Alt 70(7) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>41</sup> Alt 726 d'Acht na gCuideachtaí 2014

I gcás gur scriosadh cuideachta as an gclár, is féidir leis an gcuideachta iarratas a dhéanamh chuig an CRO ag úsáid Foirme H1 le hí a athbhunú chuig an gclár tráth nach déanaí ná 12 mhí ó dháta an díscailte (i gcás tuairisceán bliantúil nó i gcás na gCoimisinéirí loncaim) ar an gcoinníoll go ndéantar aon tuairisceáin bhliantúla a sheachadadh don CRO a bhíonn fós le cur isteach.

Sa chás inar baineadh cuideachta den chlár toisc gur mhainnigh sí déanamh de réir cheanglais na gCoimisinéirí loncaim, beidh gá le deimhniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí loncaim á rá nach bhfuil aon agóid á déanamh acu i gcoinne an chuideachta a chur ar ais ar an gclár - alt 726(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór iarratas chun cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar bhonn riaracháin a fháil ar Fhoirm H1 mar aon leis an táille fhorordaithe laistigh de 12 mhí ón díscailleadh. Féadfar na ceanglais eile (tuairisceáin bhliantúla a chur isteach mar aon le litir neamh-agóide ó na Coimisinéirí loncaim (nuair is cuí) a chomhlíonadh laistigh de 15 mhí ó dháta an díscailte. Ní chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár go dtí go mbeidh na ceanglais ar fad comhlíonta.

Tar éis 12 mhí, má theastaíonn ó oifigeach nó comhalta na cuideachta í a athbhunú chuig an gclár, beidh air/uirthe iarratas ar an gcuideachta a athbhunú a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. Ní mór iarratais den saghas seo a chur in iúl do na Coimisinéirí loncaim, don Aire an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Ní mór litir a fháil ó na páirtithe seo ar fad go n-aontaíonn siad leis an gcuideachta a athbhunú sular féidir le Breitheamh den Ard-Chúirt ordú athbhunaithe a thabhairt.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Bileog Faisnéise Uimh.11, "Cuideachta a Athbhunú chuig an gClár".

#### **4.1.7 Foirm C1/Foirm F8 (morgáistí/muirir)**

Ní mór sonraí morgáistí/muirear áirithe a chruthaíonn an chuideachta a sheachadadh don CRO ag úsáid Foirme C1 (Foirm F8 do chuideachta sheachtrach) tráth nach déanaí ná 21 lá ón dáta a chruthaítear an muirear<sup>42</sup> nó tríd próiseas nua dhá chéim.<sup>43</sup>

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, cuirfear próiseas nua dhá chéim i bhfeidhm, trína ndéantar fógra rúin maidir le muirear a chruthú (foirm C1a) a leanúint laistigh de 21 lá le fógra um chruthú an mhuirir (foirm C1b). Má mhainnítear an Fhoirm C1b a chomhdú in am, diúltófar don Fhoirm C1a. Ba chóir ceachtar den Nós Imeachta Céime Amháin nó an Nós Imeacht Dhá Chéim a leanúint. (Foirmeacha F8/F8a/F8b a leanúint le bhrainte cuideachta eachtracha)

Mura ndéantar na sonraí riachtanacha, a bhaineann le muirear incláraithe, a sheachadadh laistigh den teorainn ama 21 lá, cuirtear an muirear ar neamhní i gcoinne an leachtaitheora nó creidiúnaí na cuideachta ar bith. Mura gcloítear leis an teorainn ama 21 lá, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt leis an sprioc-ama clárúcháin a shíniú.

Ní mór Foirm C1/C1a/F8/F8a ar leith a chomhlánú do gach muirear, a chruthaíonn cuideachta. Nuair a fhaigheann cuideachta réadmhaoin atá faoi réir muirir, ní mór sonraí an mhuirir a sheachadadh don CRO laistigh de 21 lá ag úsáid Foirme C3/F9.<sup>44</sup>

Toisc na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchlárú, de bhun alt 409 d'Acht na gCuideachtaí 2014, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr do láithreoir comhairle ghairmiúil a fháil ar an bpointe má bhíonn amhras ar bith air/uirthe maidir leis na foirmeacha seo a chomhlánú nó leis na sonraí sna foirmeacha a dheimhniú agus a fhóru.

#### **4.1.8 Foirm C6/C7 (dearbhú maidir le muirear a shásamh/a shásamh i bpáirt)**

Is féidir morgáiste/muirear a shásamh go hiomlán (Foirm C6) nó go páirteach (Foirm C7)<sup>45</sup>. Ní mór cur síos iomlán a thabhairt ar an muirear á shásamh in éineacht leis an dáta sásaimh. Ní mór do stiúrthóir agus don rúnaí an dearbhú a chomhlánú (agus a seoltaí cónaithe a shonrú) agus é a mhionnú os comhair coimisinéara mionnaí nó atur nae cleachtaigh. Ní gá an ionstraim a chruthaíonn an muirear a chomhdú in éineacht leis an bhfoirm. Ní mór Foirm C6/C7 a úsáid le muirear aonair a shásamh/a shonrú. Agus muirear á shásamh i bpáirt, ní mór an réadmhaoin shonrach a shonrú, a scaoiltear í ón muirear.

<sup>42</sup> Alt 409(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>43</sup> Alt 409(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>44</sup> Alt 411(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>45</sup> Alt 416(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014



# AGUISÍN 1

## TÁILLÍ CRO

### 1. Clárú doiciméad

Doiciméad	Páipéar €	Leictreonach €
Cuideachta nua (Foirm A1)	100	50
Iarratas a dhéanann cuideachta phríobháideach theoranta chun gnólacht a thionscnamh agus dearbhú sonraí (Foirm A4)	300	N/A
Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)	n/a	20
<b>Tuairisceán Bliantúil déanach</b>		
(a) Táille tosaigh as comhdú déanach móide táille chláraithe		120
(b) Táille mainneachtana laethúil		3
Uas-Táille as comhdú déanach in aghaidh an tuairisceáin		1,200
Athrú ar sheoladh oifige cláraithe na cuideachta (Foirm B2)	n/a	Nialas
Athrú ar sheoltaí cláraithe (Foirm B3)	15	Nialas
Méadú ar chaipitil údaraithe (Foirm B4, Foirm G1 agus bunreacht)	45	N/a
Athrú ar mionsonraí stiúthóirí/rúnaithe na cuideachta (Foirm B10)	n/a	Nialas
Iarratas ar dheimhniú go bhfuil fiornasc/nasc leanúnach ag an gcuideachta le gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó áta á cur i gcrích sa Stát (B67)	40	N/A
Iarratas ar dheimhniú nár chóir cuideachta a áireamh chun críche líon na gcuideachtaí a bhfuil duine mar stiúthóir orthu a chinneadh (B68)	40	N/A
Fógra gur scoir duine de bheith ina oifigeach/hoifigeach i gcás inar theip ar an gcuideachta Foirm B10 a chomhdú (Foirm B69)	40	Nialas
Ainmniú dáta nua tuairisceáin bhliantúil (Foirm B73)	n/a	Nialas
Sonraí muirir do chuideachta Éireannach (Foirmeacha C1/C1A/C3/C10 morgáiste breithiúnais)	40 (más infheidhme)	40
Sásamh iomlán/páirteach muirir (Foirm C6/C7)	15	N/A
Foirm CBM1 - Cumasc Trasteorann	15	N/A
Athchlárú cuideachta (Foirm D20)	60	N/A
Athrú ar ainm cuideachta (Foirm G1Q agus meabhrán & airteagail)	100	50
Rún speisialta (Foirm G1) agus aon doiciméad a lóisteáiltear a bhainneann leis, seachas rún a bhainneann le hathrú ainm cuideachta. mar shampla Foirm G1 agus bunreacht - €30.	15 in aghaidh an doiciméid	Nialas
Gnáth-Rún (Foirm G2) agus aon doiciméad a lóisteáiltear a bhainneann leis	15 in aghaidh an doiciméid	Nialas
Athbhunú cuideachta (Foirm H1)	300	N/A
Foirm Q1. Is í an táille fhorordaithe a ghabhann le Foirmeacha Q1, Q2, Q3, Q4 agus Q9 - €445 ina hiomláin	445	N/a
Foirm Q5. Is í an táille fhorordaithe a ghabhann le Foirmeacha Q5, Q6, Q7, Q8 agus Q9 - €445 ina hiomláin.	445	N/a
SE1-4 & SE6-7 & SE16-18 Doiciméid Societas Europaea	100	N/A
SE5 - Societas Europaea - bunadh fochuideachta SE ag SE	60	N/A
SE8 - SE15 & SE19 Doiciméid Societas Europaea	15	N/A
Gach doiciméid eile iar-ionchorpraithe (ordú cúirte, doiciméid ghlacadóireacht, foirceannadh agus scrúdaitheoireacht)	15	N/A
Fógra ag iniúchóra ar éirí as oifig mar iniúchóir ar chuideachta de bhun Alt 401(4)(a) d'Acht na gCuideachtaí 2014	15	N/A
Fógra an iniúchóra chun a cheapadh (a ceapadh) ag cuideachta a fhoirceannadh, atá beartaithe aici díolúine ó iniúchadh a fháil. Alt 400(3)(a) d'Acht na gCuideachtaí 2014	Nialas	N/A

<b>Foirmeacha Cuideachta Seachtraí:</b>	<b>Páipéar</b>	<b>Leictreonach</b>
	€	€
Clárú cuideachta seachtraí (Foirmeacha F12/F13)	60	N/A
Athrú ar sheoladh na príomháite gnó nó bhraíne sa Stát (F4)	15	Nialas
Mionsonraí Muirir - F8/F8a/F9	40 <small>(más infheidhme)</small>	40
Doiciméid cuideachta seachtraí eile (Foirmeacha F2/F7/F3/F14)	15	N/A
Mionsonraí Muirir - F8b	n/a	nialas
<b>Foirmeacha Ainmneacha Gnólachta:</b>	<b>Páipéar</b>	<b>Leictreonach</b>
	€	€
Ainm gnólachta nua (Foirm RBN1/RBN1A/RBN1B)	40	20
Athrú ar shonraí ainm ghnólachta (Foirm RBN2/RBN2A/RBN2B)	15	Nialas <small>(athrú ar sheoladh amháin)</small>
Scor ainm ghnólachta (Foirm RBN3)	Nialas	Nialas
<b>Foirmeacha chomhpháirtíocht theoranta:</b>	<b>Páipéar</b>	<b>Leictreonach</b>
	€	€
LP1 - Iarratas ar chomhpháirtíocht theoranta a chlárú	2.50	N/A
LP2 - Fógra maidir le hathrú ar chomhpháirtíocht theoranta	0.30	N/A
LP3 - Ráiteas den chaipiteal curtha ar fáil ag comhpháirtithe teoranta	Nialas	N/A
LP4 - Ráiteas den chaipiteal breise curtha ar fáil ag comhpháirtithe teoranta - airgead tirim nó caipiteal eile	Nialas	N/A
P1 - Doiciméid chuntasáochta na gcomhpháirtíochtaí agus na gcomhpháirtíochtaí teoranta a chur ar ais	15	N/A

## Comhdú ar Líne

Is modh saor, daingin agus tapa é d'iarratas a chur isteach ar líne atá níos iontaofa agus níos éifeachtaí ná páipéar a úsáid, agus is féidir leis cúrsaí riarachán a mhínghearradh. Cabhraíonn sé leat freisin le do ghnó a fheidhmiú i mbealach níos éifeachtaí agus sábhálfaidh tú airgead. Is féidir foirmeacha áirithe a chomhlánú ar líne ag úsáid pacáistí rúnaíochta nó trí [www.cro.ie](http://www.cro.ie) a úsáid.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie), téigh i dteagmháil leis an Rannóg Comhdaithe Leictreonaigh trí ríomhphost ag [electronic.filing@dbei.gov.ie](mailto:electronic.filing@dbei.gov.ie) nó cuir glao teileafóin ar an rannóg ag 01 804 5355/5374.

## 2. Seirbhísí, doiciméid, srl

	<b>Páipéar</b>	<b>Leictreonach</b>
	€	€
Íomhá doiciméid	2.50	2.50
Eiscló d'ainm gnó/cuideachta	3.50	3.50
Cuardach ar chomhasd páipéir (doiciméid níos sine den chuid is mó)	3.50	3.50
Deimhniú dúblach cuideachta/ainm gnó	12.00	Nialas <small>(chun críche úsáid na hearnála poiblí amháin)</small>
Deimhniú dúblach cuideachta	3.50	N/A

Is féidir cárta creidmheasa/dochair a úsáid le hóc as na doiciméid a ordaítear ar líne.

### 3. Modhanna íocaíochta

Is féidir na táillí a íoc mar seo a leanas:

- Airgead tirim (ní chóir airgead tirim a chur isteach leis na doiciméid a sheoltar ar an bpost)
- Ordú airgid poist
- Dréacht bainc
- Seic (tarraingthe ar bhanc i bPoblacht na hÉireann)
- Is féidir cárta creidmheasa/dochair a úsáid le cuardach a dhéanamh ar líne le haghaidh cuideachta nó le hairgead a chur i gcuntas custaiméara CRO.

Ba chóir orduithe poist/airgid, dréachtaí bainc agus seiceanna a íoc leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (*teideal iomlán*).

Ní ghlactar a thuilleadh le míreanna airgeadra coigríche, steirling agus euro atá tarraingthe ar bhainc suite lasmuigh de Poblacht na hÉireann toisc gur gá íoc as seiceanna a réiteach. Dá bhrí sin, ní mór dréacht bainc Euro a úsáid do na híocaíochtaí a fhaightear ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann le doiciméid a chlárú, iarratas doiciméad agus seirbhísí ilghnéitheacha. Ní mór don bhanc i gceist a bheith i gcóras imréitigh na hÉireann.

Ní mór íocaíocht as an tuairisceán bliantúil a dhéanamh ar líne. Ní bheidh CRO ag glacadh le seiceanna a thuilleadh mar mhodh íocaíochta chun Cuntas Custaiméara a bhreisiú.

**Is féidir na seirbhísí/doiciméid thuas a ordú leis an bpost freisin.**

## AGUISÍN 2 FOIRMEACHA CRO

Is féidir foirmeacha a íoslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Uimh	Foirme Ábhar
A1	Ionchorprú cuideachtaí
A4	Iarratas ag cuideachta phoiblí teoranta le dul i mbun gnó agus lena sonraí a dhearbhu
B1	Tuairisceán bliantúil
B1x	Athbheithniú deonach ar ráitis airgeadais lochtacha
B2	Athrú ar oifig chláráithe
B3	Fógra maidir leis na háiteanna ina gcoimeádtar clár na gcomhaltaí, clár na sealbhóirí bintiúr, clár de leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe i scaireanna agus bintiúir, agus conarthaí seirbhíse/meabhráin na stiúrthóirí
B4	Fógra maidir le hardú ar chaipiteal údaraithe
B5	Tuairisceán ar chionrannta
B7	Fógra maidir le comhdhlúthú, roinnt nó comhshó i stoc nó scaireanna, nó athchomhshó i scaireanna nó stoc, nó scaireanna a fhoroinnt, a fhuascailt nó a chealú
B9	Fógra maidir le méadú ar chomhaltaí
B10	Athrú ar stiúrthóir agus/nó rúnáí, nó a sonraí
B10a	Athrú ar shonraí um sheoladh cónaithe stiúrthóra i ndáil le níos mó ná cuideachta amháin
B11	Ráiteas ar shonraí na gceart a bhaineann le scaireanna leithroinnte nach scaireanna incláráithe iad ar dhóigh eile
B12	Ráiteas ar shonraí na gceart athraithe a bhaineann le scaireanna nach scaireanna incláráithe iad ar dhóigh eile
B13	Fógra maidir le hainm nó ainm nua d'aicme scaireanna ar bith atá incláráithe faoi alt 90.
B18	Réamheolaire a chlárú a bhí ceadaithe ag an Banc Ceannais na hÉireann eiseodh cuideachta atá cláráithe in Éirinn
B18a	Doiciméad áitiúil tairisceanna a chlárú do €5,000,000 nó níos lú
B42a	Fógra faoi cheartú chlár na gcomhaltaí
B46	Fógra faoi cheapadh Duine Chláráithe nó aisghairm údaraithe Duine Chláráithe (duine chun ceangal a chur ar an gcuideachta)
B67	Iarratas ar dheimhniú a shonraíonn go bhfuil nasc fíor agus leanúnach ag an gcuideachta le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ar siúl sa Stát
B68	Fógra maidir le stiúrthóireachtaí a eisiamh ó theorainn de 25 stiúrthóireacht
B69	Fógra ó dhuine aonair nach bhfuil sé/sí ina stiúrthóir a thuilleadh
B73	Dáta nua tuairisceáin bhliantúil a ainmniú
B74	Ráiteas maidir le dícháiliúcháin stiúrthóra
B74a	Ráiteas faoi dhícháiliú stiúrthóra tar éis gur ceapadh é nó í ina stiúrthóir
B77	Fógra ar údarás ghníomhaire comhdaithe leictreonaigh a údarú/a aisghairm
B78a	Dáta tuairisceáin bhliantúil nua d'ainmniú - fochuideachtaí; Athrú ar Dheireadh na bliana airgeadais

B81	Iarratas ar ghníomhú mar Ghníomhaire Oifigí Cláraithe
B83	Athrú ar Dheireadh na bliana airgeadais
C1	Morgáiste nó muirear cruthaithe ag cuideachta Éireannach
C1a	Clárú Morgáiste/Muirir arna chruthú ag cuideachta Éireannach - Céim 1 de nós imeachta dhá chéim
C1b	Clárú Morgáiste/Muirir arna chruthú ag cuideachta Éireannach - Céim 2 de nós imeachta dhá chéim
C3	Sonraí ar mhuirir atá faoi réir réadmhaoine a fuair cuideachta atá corpraithe sa Stát
C6	Dearbhú ar mhuirear a shásamh
C7	Dearbhú ar mhuirear a shásamh i bpáirt
C10	Morgáiste Breithiúnais
C17	Athruithe ar shonraí an Duine atá i dTeideal i leith muirir arna chlárú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát
D6	Iarratas ar athchlárú mar chuideachta neamhtheoranta ag cuideachta theoranta
D6c	Toiliú na gcomhaltaí um chuideachta a athchlárú mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta
D6d	Toiliú na gcomhaltaí um chuideachta a athchlárú mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe Faoi Theorainn Ráthaíochta
D10	Iarratas ar athchlárú mar chuideachta de saghas eile ag cuideachta phoiblí theoranta tar éis do scaireanna a chealú agus scairchaipiteal a laghdú
D13	Fógra ar iarratas déanta chuig an gcúirt le rún speisialta a chealú a bhaineann le hathchlárú
D20	Iarratas ar chineál cuideachta a athchlárú agus ráiteas um chomhlíonadh
DM1	Fógra um Théarmaí dréachta choitinn maidir le cumasc idir dhá chuideachta Éireannacha nó níos mó - faoi Chuid 9
DV1	Fógra um Théarmaí dréachta choitinn maidir le roinnt a bhfuil dhá chuideachta Éireannacha nó níos mó páirteach inti - faoi Chuid 9
DM2	Fógra um Théarmaí dréachta choitinn maidir le cumasc idir dhá chuideachta Éireannacha nó níos mó - CPT san áireamh faoi Chuid 17
DV2	Fógra um Théarmaí Dréachta Choitinn maidir le Roinnt a bhfuil dhá chuideachta Éireannacha nó níos mó páirteach inti - CPT san áireamh faoi Chuid 17
E1-SAP nó E1-41	Dearbhú sócmhainneachta
E2	Fógra faoi cheapadh leachtaitheora
E2a	Fógra faoi leachtaitheoir d'éirí as
E2b	Fógra faoi leachtaitheoir do chur as oifig
E2c	Fógra faoi cheapadh leachtaitheora tar éis leachtaitheoir roimhe sin do chur as oifig
E3	Cuntas an leachtaitheora faoina g(h)níomhartha & a b(h)eartha féin & faoi réachtáil an fhoirceanta
E4	Míonscríbhinn agus ráiteasan leachtaitheora ag deimhniú an chuntais.
E5	Ráiteas cuntais deiridh an leachtaitheora (foirceannadh comhaltaí nó creidiúnaithe)
E6	Tuairisceán ar an gcruinniú foirceanta deiridh (foirceannadh deonach ag comhaltaí)
E669	Fógra faoi leachtú do chur ar ceal
E7	Tuairisceán ar an gcruinniú foirceanta deiridh do chomhaltaí & creidiúnaithe (foirceannadh deonach ag creidiúnaithe)
E8	Fógra faoi cheapadh glacadóra
E9	Achomaireacht an ghlacadóra
E10	Ráiteas cúrsaí
E11	Fógra go bhfuiltear ag scor de bheith ag feidhmiú mar ghlacadóir
E24	Fógra faoi achainí chun glacadóir a cheapadh
F2	Athruithe sa mheabhrán/sna hairteagail chomhlachais de chuid cuideachta seachtraí
F3	Athrú ar stiúthóir/ar an rúnaí/ar na daoine a dhéanann ionadaíocht/dhaoine údaraithe/ar na daoine atá freagrach as rialacháin a chomhlíonadh do chuideachta sheachtrach
F4	Athruithe ar seoladh de chuid na cuideachta seachtraí
F7	Doiciméid chuntasaíochta de chuid cuideachta seachtraí a chur ar ais
F8	Sonraí ar mhuirear réadmhaoine sa Stát a chruthaíonn cuideachta a bhíonn ionchorpraithe lasmuigh den Stát
F8a	Fógra rúin maidir le sonraí a chlárú i leith muirir ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát
F8b	Deimhniú i leith sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát
F9	Sonraí ar mhuirear a bhaineann le réadmhaoine a bheith faighte sa Stát ag cuideachta eactrach
F12	Cuideachta a chlárú gur brainse í de chuideachta LEE
F13	Cuideachta a chlárú gur brainse í de chuideachta ó thír neamh-LEE
F14	Fógra faoi bhainse de chuid cuideachta seachtraí a fhoirceannadh/a dhúnadh
F15	Fógra faoi bhreith a osclaíonn imeachtaí dócmhainneachta i mBallstát eile/cinneadh maidir le leachtaitheoir a cheapadh
FS1	Ráitis Airgeadais - Cuideachta Infheistíochta/GCUI
G1	Rún speisialta
G1-H15	Rún speisialta chun iarratas a dhéanamh ar Bhaint Thoilteanach den Chlár
G1Q	Rún speisialta maidir le hainm a athrú
G2	Gnáthrún
G5	Dearbhú reachtúil comhlíonta
H1	Cuideachta a athbhunú chuig an gclár Le húsáid tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta díscailte
H1-OMC	Cuideachta atá bainte den chlár a chur ar ais ar an gclár, ar Cuideachta Bainistíochta Úinéirí í.

H2	Fógra faoi ordú nochtá
H3	Fógra faoi iniúchóir a bhaint óna p(h)ost
H4	Fógra nach gcoimeádtar leabhair chuntais chearta
H5	Tuairisceán ag cuideachta atá ag ceannach a scaireanna féin agus/nó scaireanna i gcuideachta shealbháíochta
H5a	Tuairisceán ar shean-scaireanna státhchiste a atheisiúint
H8	Sonraí ordaithe dícháilithe
H15	Iarratas ar Bhaint Thoilteanach den Chlár
H16	Agóid i gcoinne Baint dheonach cuideachta den chlár
H17	Cealú na Bainte Deonaí den chlár.
IG1	EEIG a chlárú atá a seoladh oifigiúil in Éirinn
IG2	Foras grúpála a chlárú in Éirinn do EEIG atá a seoladh oifigiúil thar lear
IG3	Fógra faoi fhoras grúpála a bhunú do EEIG atá a seoladh oifigiúil in Éirinn
IG4	Fógra faoi fhoras grúpála EEIG a dhúnadh
IG5	Fógra faoi shonraí an bhainisteora agus faoi dheireadh a chur leis an gceapachán
IG6	Fógra faoi dhoiciméid agus sonraí ar gá iad a chomhdú
IG7	Fógra faoi thogra chun seoladh oifigiúil EEIG a aistriú
IG8	Tuairisceán bliantúil de chuid EEIG
J1a	Iarratas chun gníomhú mar ghníomhaire reachtúil ríomhchomhdaithe
LP1	Iarratas ar chomhpháirtíocht theoranta a chlárú
LP2	Fógra maidir le hathrú ar chomhpháirtíocht theoranta
LP3	Ráiteas den chaipiteal curtha ar fáil ag comhpháirtithe theoranta
LP4	Ráiteas den chaipiteal breise curtha ar fáil ag comhpháirtithe theoranta - airgead tirim
P1	Doiciméid chuntasáíochta na gcomhpháirtíochtaí agus na gcomhpháirtíochtaí teoranta a chur ar ais
PR1	Tuairisc maidir le hÍocaíochtaí le Rialtais
Q1	Iarratas ó chuideachta ar imirce ar bheith cláraithe mar chuideachta Éireannach ar leanúint ar an gClár Éireannach. Is í an táille fhorordaithe a ghabhann le Foirmeacha Q1, Q2, Q3, Q4 agus Q9 - €445 ina hiomláin
Q5	Iarratas ó chuideachta Éireannach ar í a bhaint den chlár mar chuideachta Éireannach. Is í an táille fhorordaithe a ghabhann le Foirmeacha Q5, Q6, Q7, Q8 agus Q9 - €445 ina hiomláin.
RBN1	Iarratas ag duine aonair ar ainm gnó a chlárú
RBN1A	Iarratas ag comhpháirtíocht ar ainm gnó a chlárú
RBN1B	Iarratas ag comhlacht corparáideach ar ainm gnó a chlárú
RBN2	Cineál an athraithe ar shonraí an ainm gnó a chláraigh duine aonair
RBN2A	Cineál an athraithe ar shonraí an ainm gnó a chláraigh comhpháirtíocht
RBN2B	Cineál an athraithe ar shonraí an ainm gnó a chláraigh comhlacht corparáideach
RBN3	Deireadh ainm gnó
SE1	Societas Europaea a fhoirmiú de bharr cumaisc
SE2	Societas Europaea sealbháíochta a fhoirmiú
SE3	Fochuideachta Societas Europaea a fhoirmiú
SE4	cpt a chomhshó i Societas Europaea
SE5	Fochuideachta Societas Europaea á fhoirmiú ag SE
SE6	Oifig chláráithe de chuid an SE a aistriú chuig Poblacht na hÉireann
SE7	Oifig chláráithe de chuid an SE a aistriú ó Poblacht na hÉireann
SE8	Ráiteas sócmhainneachta ag stiúrthóirí SE atá molta í a aistriú ó Phoblacht na hÉireann
SE9	Iarratas ag SE ar DTB nua a eisiúint
SE10	Oifig chláráithe de chuid SE atá molta í a aistriú ó Poblacht na hÉireann
SE11	Dréacht-théarmaí foirmithe de chuid SE sealbháíochta a bhaineann le cuideachta nó SE atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann
SE12	Dréacht-théarmaí le cpt a chomhshó i SE
SE13	Fógra faoi na coinníollacha a shásamh a bhaineann le SE sealbháíochta atá á fhoirmiú ag cuideachta Éireannach/SE
SE14	Leasuithe ar reachtanna SE
SE15	Fógra faoi thús a chur nó deireadh a chur le leachtú foirceanta, dócmhainneacht nó nósanna imeachta íocaíochta stoptha agus cinntí chun leanúint ar aghaidh le feidhmiú an SE
SE16	Dréacht-théarmaí comhshó ó Societas Europaea atá cláraithe in Éirinn go cuideachta phoiblí theoranta faoi Rialacháin na bliana 2007
SE17	Iarratas ar chomhshó ó Societas Europaea atá cláraithe in Éirinn chuig cuideachta phoiblí theoranta faoi Rialacháin na bliana 2007
SE18	Dréacht-théarmaí um bunú Societas Europaea i ndlínse choigríoch ina bhfuil baint ag cuideachta phoiblí theoranta atá cláraithe in Éirinn faoi Rialacháin na bliana 2007
SE19	Dréacht-théarmaí um chumasc idir cuideachta phoiblí theoranta atá cláraithe in Éirinn agus cuideachta phoiblí theoranta nó cuideachtaí poiblí theoranta neamh-Éireannacha chun SE a bhunú a bheidh cláraithe in Éirinn faoi Rialacháin na bliana 2007

## AGUISÍN 3

### TUAIRISCEÁIN REACHTÚLA, AM SEACHADTA AGUS PIONÓIS NEAMHCHOMHLÍONTA

Tabhair faoi deara: Ní liosta iomlán é seo. Ní mór do chuideachtaí a lán dualgas eile a chomhlíonadh de bharr Acht na gCuideachtaí 2014

Tuairisceáin reachtúla	Dáta seachadta	Pionós neamhchomhlíonta
Foirm B1– Tuairisceán Bliantúil [alt 343]	Tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta go dtí go gcuireadh an tuairisceán le chéile ach roimh an DTB [alt 343]	Cion Catagóir 3 [alt 343(10)]
Ráitis Airgeadais [alt 347]	Ní mór na cuntais a chur isteach in éineacht leis an tuairisceán bliantúil tráth nach déanaí ná naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais	Cion Catagóir 3 [alt 347(5)]
Foirm B2 – Athrú ar oifig chláraithe [alt 50]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón athrú [alt 50(3)]	Cion Catagóir 4 [alt 50(6)]
Foirm B3 – Fógra faoin gclár a choimeádtar de na comhaltaí [alt 216(6)] N.B. ní bhíonn sé seo riachtanach nuair a choimeádtar an clár ag oifig chláraithe		Cion Catagóir 3 [alt 217(3)]
Foirm B4 – Fógra maidir le méadú ar chaipiteal ainmniúil [alt 93(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ó dháta an mhéadaithe [alt 93(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 93(4)]
Foirm B5 – Tuairisceán ar chionranna [s70(7)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón dáta cionnranna [alt 70(7)]	Cion Catagóir 4 [alt 70(8)]
Foirm B7 – Fógra faoi scaireanna a chomhdhlúthú/a chomhroinnt/a chealú/a fhuascailt, srl. [alt 92]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón imeacht [alt 92(1)]	Cion Catagóir 3 [alt 92(2)]
Foirm B10 – Fógra faoi athrú ar na stiúrthóirí/ar an rúnaí [alt 149(8)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón imeacht [alt 149(8)]	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm B74 - Ráiteas maidir le dícháiliúcháin stiúrthóra [alt 150(2)/alt 22(2)]	A chur isteach in éineacht le Foirm A1/B10	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm B74a - Ráiteas faoi dhícháiliú stiúrthóra tar éis gur ceapadh é nó í ina stiúrthóir [alt 150(9)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón imeacht [alt 149(8)]	Cion Catagóir 3 [alt 150(4)]
Foirm E1 – Dearbhú sócmhainneachta [alt 207/alt 580]	Tráth nach déanaí ná 14 lá (a.580)/21 lá (alt 207) de rún le cuideachta a fhoirceannadh [alt 207/580]	Dearbhú neamhéifeachtach. Bíonn Ordú Cúirte ag teastáil leis an gcor a réiteach
Foirm E2 – Fógra faoi cheapadh leachtaitheora [alt 592(2)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ón gceapachán [alt 592(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 592(4)]
Foirm E3 – Cuntas an leachtaitheora faoina g(h) níomhartha [alt 680(3)/680(6)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a chuirtear an chuntas i láthair ag cruinniú [alt 680(3)/680(6)]	Cion Catagóir 3 [alt 680(9)]
Foirm E4 – Mionnscribhinn an leachtaitheora ag deimhniú cuntas [alt 681(2)]	Tar éis bliain amháin. Ní mór foirm a chur isteach do gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin [alt 681(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 681(5)]
Foirm E6 – Tuairisceán ar an gcruinniú deiridh foirceanta [alt 705(4)] An cuideachta á fhoirceannadh ag comhaltaí	Tráth nach déanaí na seachtain amháin ón gcruinniú [alt 705(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 705(10)]

Foirm E7 – Tuairisceán ar an gcruinniú deiridh foirceanta [alt 706(4)] An chuideachta á fhoirceannadh ag creidiúnaithe	Tráth nach déanaí na seachtain amháin ón gcruinniú [alt 706(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 706(10)]
Foirm E5 – Ráiteas cuntais an leachtaitheora [alt 705/706]	Tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón gcruinniú [alt 705(4)/706(4)]	Cion Catagóir 3 [alt 705(10)/706(10)]
Foirm C1/C1a – Morgáiste nó muirear a chruthaíonn cuideachta Éireannach [alt 409(3)/409(4)]	Tráth nach déanaí ná 21 lá ón dáta cruthaithe [alt 409(3) nó foirm C1b a cuir isteach]	Cuirtear an muirear ar neamhní, bíonn an t-airgead daingnithe iníoctha ar an bpointe [alt 409]
Foirm C6 – Dearbhú ar mhuirear a shásamh [alt 416(4)]	Nuair a shásaítear an muirear [alt 416]	Ní thagann athrú ar an réadmhaoín ar chlár na muirear
Foirm C7 – Dearbhú ar mhuirear a shásamh i bpáirt [alt 416(4)]	Nuair a shásaítear an muirear i bpáirt i leith réadmhaoine áirithe [alt 416]	Ní thagann athrú ar an muirear ar chlár na muirear
Foirm E8 – Fógra faoi cheapadh glacadóra [alt 436(1)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón gceapachán [alt 436(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 436(3)]
Foirm E11 – Fógra go bhfuil glacadóir ag scor de bheith ag feidhmiú [alt 436(2)]	Nuair a scoirtear de bheith ag feidhmiú [alt 436(2)]	Cion Catagóir 4 [alt 436(3)]
Foirm E9 – Achomaireachtaí an ghlacadóra [alt 430(3) nó 441(2)]	Tráth nach déanaí ná seacht mí ón gceapachán agus gach sé mhí ina dhiaidh sin [alt 430(2)/alt 441(4)]	Cion Catagóir 4 [alt 430(10)/441(4)]
Foirm E10 – Ráiteas cúrsaí [alt 430(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná dhá mhí ón dáta a fhaightear an ráiteas [alt 430(1)(b)]	Cion Catagóir 4 [alt 430(10)]
Foirm E24 – Fógra faoi Achainí na Cúirte [alt 531(1)]	Tráth nach déanaí ná trí lá ón dáta a chuirtear an achainí i láthair [alt 531(1)]	Cion Catagóir 4 [alt 531(8)]
Foirm H1 – Cuideachta a scriosadh as an gclár a athbhunú chuig an gclár [alt 737(1)]	Tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a scriostar an chuideachta as an gclár [alt 737(1)(c)].	Fanann an chuideachta díscailte
Foirm H2 – Fógra faoi ordú nochtá [alt 812(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a dhéantar an t-ordú nochtá [alt 812(2)]	
Foirm H3 – Fógra faoi iniúchóir a bhaint óna p(h)ost [alt 385(2)]	Tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta an rúin a bhaineann iniúchóir as a p(h)ost [alt 385(2)(b)]	Cion Catagóir 3 [alt 385(3)]
Foirm H4 – Fógra nach gcoimeádtar leabhair chuntais chearta [alt 392(1)(b)]	Tráth nach déanaí ná seacht lá ón dáta a sheirbheáiltear an fógra ar an gcuideachta [alt 392(1)(b)]	Cion Catagóir 3 [alt 392(8)]
Foirm H5 – Tuairisceán ag cuideachta atá ag ceannach a scaireanna féin [alt 116(1)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a sheachadtar na scaireanna don chuideachta [alt 116(1)]	Cion Catagóir 3 [alt 116(3)]
Foirmeacha G2/G1/G1Q – Rúin speisialta/Gnáthrúin [alt 198]	Tráth nach déanaí ná 15 lá ón dáta a ghlactar leis an rún [alt 198]	Cion Catagóir 4 [alt 198(5)]
Foirm F2 – Athrú ar an gcairt (meabhrán & airteagail, srl.) [alt 1302(3)/1304(3)]	Laistigh de 30 lá [alt 1302(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F3 – Tuairisceán ar athruithe stiúrthóirí/rúinai/dhaoine údaraithe/ ar na daoine ar gá dóibh a chinntiú/ nó duine údaraithe le hionadaíocht a dhéanamh do chuideachta [alt 1302(3)/1304(3)]	Laistigh de 30 lá [alt 1302(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]



Foirm F4 – Athruithe ar sheoladh na háite gnó nó an bhrainse [alt 1302(3)/1304(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá ón athrú [alt 1304(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F7 – Doiciméid chuntasaíochta [alt 1303/1305]	Laistigh de 30 lá [alt 1303(3)/1305]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]
Foirm F12 – Iarratas ar bhainse a chlárú (tír LEE) [alt 1302(2)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin dáta a bhunaítear an Bhainse [alt 1302(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)]
Foirm F13 – Iarratas ar bhainse a chlárú (tír neamh-LEE) [alt 1304(2)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón dáta a bhunaítear an bhainse [alt 1304(2)]	Cion Catagóir 3 [alt 1304(6)]
Foirm F14 – Fógra maidir le leachtú/dócmhainneacht/dúnadh bainse [alt 1302(3)(e)/1304(3)]	Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis na himeachta [alt 1302(3)/1304(3)]	Cion Catagóir 3 [alt 1302(9)/1304(9)]



## AGUISÍN 4

Ciallaíonn “Acht”, Acht na gCuideachtaí 2014;

Ciallaíonn “seachadta” gur seachadadh doiciméid don chláraritheoir;

Tá an bhrí chéanna le “doiciméid” is a leagtar amach in alt 896 d’Acht na gCuideachtaí 2014;

Ciallaíonn “cláraritheoir”, cláraritheoir na gcuideachtaí.

- Beidh na doiciméid éasca a léamh agus bheifí in ann iad a scanadh agus cóip leictreonach a dhéanamh daoibh.
- Beidh leathanaigh na ndoiciméad -
  - (a) 297 milliméadar ar fhad agus 210 milliméadar ar leithead, is é sin le rá, leathanaigh A4, agus
  - (b) beidh siad comhdhéanta de pháipéar bán le bailchríoch neamhlonrach agus beidh meáchan 80 gram orthu ar a laghad in aghaidh gach milliméadair chearnaigh
- Beidh na doiciméid clóite -
  - (a) i gcló dubh,
  - (b) de 1.8 milliméadar ar airde ar a laghad, agus
  - (c) bheifí in ann iad a scanadh go leictreonach.
- Beidh an t-ábhar atá clóite ar leathanach doiciméid leagtha amach ar mhodh ina mbíonn ciumhais ceintiméadar amháin nó níos mó timpeall an ábhair chlóite, is é sin le rá, ar bhun agus ar bharr an leathanaigh agus ar an dá thaobh freisin.
- Ní úsáidfeadh dath ar bith eile sna doiciméid ach amháin an páipéar bán agus an t-ábhar clóite dubh.
- Má úsáidtear cló daite i ndoiciméad bunaidh nó má bhíonn na leathanaigh comhdhéanta de pháipéar snasta, seachadfar cóip den doiciméad, nó profa an chlódóra
- Úsáidfeadh fáiscín nó stápla ar bharr na ndoiciméad ar an taobh clé leis na leathanaigh a choimeád le chéile, ní ghreamófar iad nó ní cheanglófar iad le chéile agus ní chuirfeadh téip ghreamaitheach orthu.
- Ní bheidh doiciméid comhdhéanta de nó ní áireofar sna doiciméid, cóip charbóin nó fótachóip nó ábhar clóite ó phrintéir poncmhairtise.
- Spás sna doiciméid ar féidir faisnéis a chur isteach ann, ní ligfeadh bán iad, ach cuirfeadh “neamhbhainteach”, “nialas” nó “dada” nó focal comhchosúil eile isteach ann más cuí sin.
- Leasú a chuirtear isteach i gclár ábhar na ndoiciméad, cuirfidh sínitheoir amháin nó níos mó a (h) inisealacha agus an dáta ar na doiciméid, nó mura mbíonn sínitheoir ann, duine amháin nó níos mó na duine amháin atá údaraithe na doiciméid a chur le chéile.
- Má dhéanann an cláraritheoir doiciméad a chur ar ais chuig an láithreoir le hé a leasú, socróidh an cláraritheoir go n-ullmhófar doiciméad nua nó go leasófar ábhar an doiciméid agus go gcuirfeadh inisealacha agus an dáta air agus déanfar an doiciméad a sheachadadh ina dhiaidh sin.
- Cuirfeadh ainm na cuideachta (mar a shonraítear sa bhunreacht comhlachais) agus seoladh a hoifige cláraithe síos ar an gcéad leathanach in áit fheiceálach.
- Úsáidfeadh an t-ainm agus an seoladh céanna dá dtagraítear agus an fhaisnéis arna seachadadh roimhe sin don chláraritheoir de réir na nAchtanna.
- Má úsáidtear ceann de na focail nó nathanna “limited”, “teoranta”, “public limited company” nó “cuideachta phoiblí teoranta” in ainm na cuideachta, is féidir foirm ghiorraithe den bhfocal nó nath a úsáid san iontráil a dhéantar i ndoiciméad ar bith ach amháin doiciméad a bhaineann le cuideachta a ionchorprú, athrú ar ainm cuideachta, cuideachta a athchlárú nó bunreacht/meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta a athchlárú.
- Ní féidir uimhir bhosca poist a úsáid ar dhoiciméad mar sheoladh oifige cláraithe na cuideachta.

- Déanfar tagairt do dhuine aonair i ndoiciméid ag úsáid a s(h)loinne agus a c(h)éadainmneacha go léir.
- Nuair is gá seoladh dhuine aonair a shonrú i ndoiciméad, sonrófar a s(h)eoladh cónaithe ach amháin nuair is gá seoladh eile a shonrú de réir dlí.
- Nuair is gá doiciméad a shíniú –  
(a) síniú bunaidh lámhscríofa an duine a bheidh i gceist, agus (b) sonrófar dáta an tsínithe ar an doiciméad.
- Cloífead le rialacha agus ceanglais na scéime i gcás foirme agus ábhar doiciméid a sheachadtar faoi scéim an chláráitheora le tosaíocht a thabhairt don chláráitheoir chun an doiciméad nó doiciméid d'aicme shonraithe a scrúdú nó a chlárú.
- Nuair a áirítear ábhar i ndoiciméad faoi fhoráil na hAcht nó faoi fhoráil de chuid ionstraime déanta faoi na hAcht nó nuair a bhaineann foráil den saghas seo leis an ábhar, aithneofar an fhoráil sa doiciméad.
- Iarratas chuig an gcláráitheoir i bhfoirm a forordaíodh chun críocha na nAcht maidir le cuideachta a chlárú -  
(1)(a) comhfhreagróidh an t-iarratas seo agus cloífidh sé leis na hairteagail chomhlachais  
(i) nuair a dhéanann siad foráil d'íosmhéid stiúrthóirí, nó  
(ii) nuair a bhíonn ainmneacha na stiúrthóirí agus an rúnaí curtha síos iontu a ceapadh iad ar dtús, agus  
(b) faoi réir alt (2), gur féidir le duine aonair iad a shíniú atá ina g(h)níomhaire do shuibscríobhaithe an mheabhrán comhlachais, ach nach féidir le cuideachta iad a chomhlánú atá ina gníomhaire den saghas seo.  
(2) Nuair a bhíonn cuideachta ina suibscríobhaí dá dtagraítear in alt (1)(b), síneoidh oifigeach na cuideachta atá údaraithe chuige sin an t-iarratas a dhéantar chuig an gcláráitheoir.
- Ní dhéanfaidh an doiciméad tagairt do dhuine ar bith atá ina (h)oifigeach, leachtaitheoir, glacadóir, nó scrúdaitheoir ar chuideachta dá dtagraítear ach amháin nuair a chuirtear ainm agus ceapachán an duine sin in iúl don chláráitheoir, mar a bhíonn ag teastáil faoi na hAcht.
- Doiciméid a sheachadann leachtaitheoir cuideachta ní bhainfidh siad le tréimhse, nó le cuntais thréimhse, a thosaíonn am ar bith tar éis na cuideachta a ionchorprú agus tar éis tréimhse nach seachadadh cuntais na cuideachta, nó doiciméid chuideachta eile ar bith ar gá iad a sheachadadh leis an hAcht nó faoin hAcht.
- Tuairisceán leachtaitheora maidir le cuideachta –  
(a) faoi alt 705, i gcás cuideachta á fhoirceannach go deonach ag na comhaltaí,  
(b) faoi alt 706, i gcás cuideachta á fhoirceannach go deonach ag na creidiúnaithe, nó  
(c) faoi alt 681  
ní bhainfidh sé le tréimhse atá i ndiaidh tréimhse eile le linn an leachtaithe nár seachadadh tuairisceán ar bith maidir leis an gcuideachta.
- Nuair a sheachadtar cóip den téacs a úsáidtear i rún lena nglac cuideachta, síneoidh stiúrthóir na cuideachta í, stiúrthóir a cuireadh a cheapachán in iúl don CRO nó, rúnaí na cuideachta nuair a bhíonn an ceapachán seo curthu in iúl don CRO.
- Ní ghlacfaidh an cláráitheoir le doiciméid ar bith a bhaineann le cuideachta a fhoirceannadh ach amháin má bhíonn na doiciméid seo a leanas faighte ag an gcláráitheoir –(a) cóip den rún le cuideachta a fhoirceannadh, i gcás leachtaithe deonaigh, nó (b) cóip oifige den ordú cúirte a threoraíonn foirceannadh na cuideachta, i ngach aon chás eile.







**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**

**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**

**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)